ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna

# PLEAN SEIRBHÍSE 2026

**FOGHLAIM**
GNÓTHAIGH
RATHAIGH

## Clár na nÁbhar

TEACHTAIREACHT Ó CHATHAOIRLEACH BOOÁCDL ..... 3

TEACHTAIREACHT ÓN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH ..... 4

FORBHREATHNÚ AR BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE ..... 7
UIMHREACHA FORBHREATHNAITHE FOGHLAIMEOIRÍ DO 2026 ..... 8
AN BORD BOOÁCDL ..... 8
STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTÚIL ..... 10
LÉARSCÁIL GHEOGRAFACH DE SHUÍMH AGUS SEIRBHÍSÍ BOOÁCDL ..... 11
RÁITEAS STRAITÉISE ..... 12
CUR I BHFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT STRAITÉISE ..... 13
FORBAIRT STRAITÉISE NUA ..... 14
RÁITEAS SEIRBHÍSÍ 2026 ..... 15
FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ ..... 25
FORBHREATHNÚ AR THACAÍOCHT AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA (TFE) ..... 25
FEIDHMEANNA TACAÍOCHTA AGUS FORBARTHA EAGRAÍOCHTA ..... 28
FORBHREATHNÚ AR PHOBALSCOILEANNA NÁISIÚNTA ..... 29
FORBHREATHNÚ AR PHOBALSCOILEANNA SPEISIALTA ..... 30
TACAÍOCHTAÍ BREISE DO SCOILEANNA SPEISIALTA ..... 31
FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ ÓIGE & SPÓIRT ..... 31
FORBHREATHNÚ AR EARNÁIL IAR-BHUNSCOILE BOOÁCDL ..... 34
FORBHREATHNÚ AR BHREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT (BO) - COLÁISTE BHAILE ÁTHA CLIATH ..... 37
PRÍOMHTHÁSCAIRÍ BO DO 2025 ..... 37
SPRIOCANNA INGHNÓTHAITHE BOOÁCDL 2026 ..... 43
CÚRSAÍ AIRGEADAIS 2026 ..... 61

AGUISÍN ..... 64
EOLAS AGUS SCILEANNA DON TODHCHAÍ ..... 65
CUIMSIÚ LE HAGHAIDH RATHÚNAS AGUS COMHTHÁTHÚ ..... 67
CÁILÍOCHT LE NUÁLAÍOCHT ..... 68
COMHOIBRIÚ CHUN TIONCHAR A DHÉANAMH ..... 68
LEITHDHÁILEADH MAOINITHE DO 2026 ..... 69

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach BOOÁCDL

Mar Chathaoirleach agus thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire (BOOÁCDL), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse 2026 a chur i láthair. Ullmhaíodh an Plean seo i gcomhréir le freagrachtaí reachtúla BOOÁCDL faoi Alt 47 den Acht um Bhoird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus léiríonn sé ár dtiomantas leanúnach d'oideachas agus d'oiliúint ardchaighdeáin a sholáthar ar fud an réigiúin.

Leagtar amach i bPlean Seirbhíse 2026 na príomhthosaíochtaí agus na tionscnaimh atá beartaithe againn ar fud scoileanna, coláistí, ionaid oiliúna agus seirbhísí tacaíochta ar fud cheantar BOOÁCDL. Leagtar amach ann an chaoi a bhfreagróimid do riachtanais atá ag athrú i measc foghlaimeoirí ag leibhéal bunscoile, san iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna, agus muid ag leanúint d'acmhainn na heagraíochta a fhorbairt agus ag tacú le fás inbhuanaithe.

Mar cheann de na Boird Oideachais agus Oiliúna is mó in Éirinn, tacaíonn BOOÁCDL le daonra atá ag méadú go tapa agus atá éagsúil ó thaobh cúlra de thar cheantar geografach leathan. Freastalaíonn an eagraíocht ar dhaonra de bhreis agus 865,000 duine. Tá sí ag feidhmiú anois ar feadh níos mó ná 95 láthair, tá os cionn 5,100 ball foirne fostaithe aici, agus tá buiséad bliantúil de bhreis agus €325 milliún á bhainistiú aici. Léiríonn an méid sin fairsinge na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus chomh casta is atá sé freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna ár bpobal, agus iad ag athrú i gcónaí.

Ar cheann de na tosaíochtaí is tábhachtaí in 2026 beidh leathnú an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais (RSO) acu agus áiteanna nua i scoileanna speisialta a fhorbairt ar fud an réigiúin. Agus an t-éileamh ag méadú i gcónaí, leanaimid orainn de thacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise acu trí thimpeallachtaí oideachais cuimsitheacha den scoth a chur ar fáil, timpeallachtaí a léiríonn an dea-chleachtas agus an nuálaíocht.

Ós rud é go bhfuil BOOÁCDL ag fás i gcónaí agus raon agus castacht a chuid seirbhísí ag dul i méid, is léir go mbeidh tuilleadh acmhainní ag teastáil chun leanúint den dul chun cinn agus chun freastal ar na riachtanais éagsúla atá ag dul i méid i measc ár bhfoghlaimeoirí agus ár bpobal. Chun go mbeidh BOOÁCDL in ann leanúint de sheirbhísí éifeachtacha a sholáthar, beidh infheistíocht straitéiseach i soláthar foirne, i mbonneagar agus i dtacaíochtaí eagraíochtúla, riachtanach, chomh maith le béim leanúnach ar rialachas láidir agus ar athléimneacht na heagraíochta.

Ní fhéadfaí an méid atá bainte amach ag BOOÁCDL a chur i gcrích gan an díograis, an ghairmiúlacht agus an tiomantas atá le sonrú i measc ár bhfoirne ar fud na heagraíochta. Le linn 2026, beidh mé ag súil le leanúint den dlúthchomhoibriú lenár gcomhghleacaithe, lenár gcomhpháirtithe agus leis na páirtithe leasmhara go léir agus muid ag obair le chéile chun ár bhfís chomhroinnte a chur i gcrích agus ról BOOÁCDL mar cheannaire san oideachas agus san oiliúint a neartú tuilleadh.

Guím gach dea-ghuí ar ár bhfoireann agus ar ár bhfoghlaimeoirí don bhliain atá romhainn agus muid ag tógáil ar an dul chun cinn atá bainte amach againn agus ag neartú eagraíochta atá freagrúil, cuimsitheach agus dírithe ar an todhchaí.

An Clr Mick Duff

Cathaoirleach

## Teachtaireacht ón bPríomhfheidhmeannach

Mar Phríomhfheidhmeannach, thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath & Dhún Laoghaire (BOOÁCDL), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse Bliantúil 2026 a chur i láthair. Is plean tábhachtach é seo agus is léiriú é ar eagraíocht a leanann ar aghaidh ag oiriúnú, ag fás agus ag forbairt chun freastal ar riachtanais shíorathraitheacha ár bpobail. Mar eagraíocht, tá athléimneacht, cruthaitheacht agus nuálaíocht iontach léirithe againn le linn 2025 agus leanfaimid ar aghaidh ag déanamh amhlaidh in 2026.

Is é cuspóir an phlean, ná ár dtosaíochtaí agus ár spriocanna a chur i láthair a chinnteoidh soláthar dírithe agus freagrúil. Tá cuspóirí agus torthaí tosaíochta leagtha síos ag gach stiúrthóireacht le torthaí intomhaiste ar leith, a chinntíonn go gcuirfimid ár spriocanna straitéiseacha chun cinn mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise cúig bliana 2022-2026. Is é ár misean straitéiseach "chun oideachas agus oiliúint, seirbhísí agus tacaíochtaí ionchuimsitheacha ardcháilíochta ábhartha a sholáthar a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobail agus ár bpáirtithe leasmhara". Mar eagraíocht, tá sé mar aidhm againn barr feabhais a bhaint amach agus táimid tiomanta d'fheabhsú leanúnach mar is í an fhís uaillmhianach atá againn ná "chun saolta a athrú trí fhoghlaim, forbairt agus tacaíocht, rud a chuirfidh ar chumas foghlaimeoirí rath a bhaint amach i ndomhan síorathraitheach. Tá cúig chroíluach mar bhonn agus mar thaca ag ár straitéis: Gairmiúlacht, Sármhaitheas, Comhionannas, Meas agus Tacaíocht.

Tiocfaidh Ráiteas Straitéise 2021–2026 BOOÁCDL chun críche in 2026. I dteannta na hoibre atá ar bun faoi láthair, cuirfear tús in 2026 le hullmhú an chéad Ráitis Straitéise eile do thréimhse 2027–2031, agus beimid ag plé le baill foirne, le foghlaimeoirí, le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe chun cabhrú le cruthú an chéad chéim eile d'fhás eagraíochtúil, nuálaíocht agus soláthar seirbhísí.

Meastar gurb ionann an buiséad foriomlán do 2026 agus thart ar € 398m; íocann sé seo as foireann agus seirbhísí inár bPobalscoileanna Náisiúnta, Iar-bhunscoileanna, Pobalscoileanna Speisialta, suímh Bhreisoideachais agus Oiliúna (BO), Seirbhísí Óige agus ár gCeannoifig. Cuirimid oideachas ar fáil freisin in Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh agus in Aonaid Cúraim Speisialta. I gcomhréir leis na cláraithe agus na réamh-mheastacháin scoile méadaithe in BO, leanfaidh BOOÁCDL ar aghaidh le roinnt príomhthionscadal tógála caipitil a chur chun cinn agus táthar ag súil le tionscadail shuntasacha bhreise chóiríochta a chur chun cinn do scoileanna agus BO i gceantair a bhfuil fás mór daonra chun freastal ar riachtanais gach scoláire. Cuirfidh BOOÁCDL

oideachas, oiliúint agus seirbhísí ar fáil do bhreis is 90,000 foghlaimeoir in 2026. Leanfar d'fhorbairt Choláiste Bhaile Átha Cliath i Sord in 2026. Cuirimid fáilte freisin roimh oscailt dhá Scoil Speisialta nua faoi phátrúnacht BOOÁCDL.

Is príomhfhócas dár bhforbairt leanúnach í inbhuanaitheacht. I gcomhréir lenár ngealltanais maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus mar atá leagtha amach inár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, tá BOOÁCDL tiomanta dár dtionchar comhshaoil a laghdú agus páirt lárnach a thabhairt don inbhuanaitheacht i ngach gné dár n-oibríochtaí. Déanfaidh an prionsabal treorach seo eolas dár gclár tógála, lena n-áirítear forbairt áiseanna nua agus athchóirithe a thugann tús áite do fhreagracht chomhshaoil. De réir mar a chomhlíonaimid éilimh na bhfoghlaimeoirí atá i gcónaí ag fás, táimid tiomanta tabhairt faoi seo ar bhealach réamhbhreathnaitheach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

Chomh maith lenár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta, fáiltíonn muid roimh chumas na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Tá BOOÁCDL ag obair chun Intleacht Shaorga (IS) a chomhtháthú chun eispéiris ár bhfoirne agus ár bhfoghlaimeoirí a fheabhsú. De réir mar a bhainimid leas as teicneolaíochtaí nua, fanaimid dílis dár dtiomantas d'úsáid shábháilte agus fhreagrach IS a chinntiú, agus leanfaimid orainn béim láidir a chur ar chibearshlándáil chun sláine agus rúndacht ár gcóras agus ár sonraí a chosaint.

Thar ceann an BOOÁCDL, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfoireann go léir a leanann ar aghaidh ag feidhmiú ag an leibhéal is airde agus seirbhís ghairmiúil a sholáthar do gach duine a mbuaileann siad leo. Tá mé iontach buíoch don fhoireann go léir agus don Bhord.

Caitríona Murphy

Príomhfheidhmeannach

# BOOÁCDL in Uimhreacha

## Caiteachas Bliantúil os cionn € 398m

**Rannpháirtithe**
**Os cionn 90,000 Foghlaimeoir**

**Daoine**
**Os cionn 5,100 Ball Foirne**

**Ranganna Féinmhaoinithe do Dhaoine Fásta**
**4,950**
Thart ar 4,950 duine fásta i ranganna oíche

**Oideachas Iar-Bhunscoile**
**22,844**
22,844 foghlaimeoir i 31 Coláiste Pobail, 4 Ghaelcholáiste san áireamh

**Breisoideachas & Oiliúint**
**26,157**
breis agus 43,493 duine a bhain leas as na seirbhísí, printísigh san áireamh

**Oideachas Bunscoile agus Oideachas Speisialta**
**3,574**
9 Scoil Náisiúnta Phobail, 3 Scoil Speisialta Phobail, 1 Scoil Ospidéil Phobail agus 3 Aonad Speisialta Ardtacaíochta

**Seirbhísí Óige**
**33,726**
Ag Tacú le níos mó ná 33,726 duine óg trí Sholáthar Spriocdhírithe don Aos Óg

## BOOÁCDL i gComhthéacs Náisiúnta

**Daonra ár réigiúin**
**Os cionn 865,000**

60% de dhaonra Bhaile Átha Cliath

17% de dhaonra Phoblacht na hÉireann


90+ suíomh ar fud Fhine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire Ráth an Dúin

Foghlaimeoirí ar feadh an tsaoil ó 4 go 94 bliain d'aois

Foireann teagaisc, oiliúna agus tacaíochta lánaimseartha agus páirtaimseartha

ddletb
Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna

## Forbhreathnú ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire




Cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) oideachas, oiliúint agus seirbhísí ar fáil ar fud na dtrí limistéar comhairle contae, Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire/Ráth an Dúin. De réir na sonraí ó Dhaonáireamh 2022, tá daonra iomlán ár réigiúin os cionn 865,000, sin beagnach 17% de dhaonra náisiúnta na hÉireann.

Tá méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine sa réigiún ó 2016, le méadú de bhreis is 70,000. Tá sé seo i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta. Tá 60% de dhaonra réigiún Bhaile Átha Cliath ina gcónaí inár gceantar anois. I bhFine Gall, léiríodh an fás is airde in aon chontae in Éirinn le 20 bliain anuas le méadú de níos mó ná 79%. Tá méadú de níos mó ná 5% tagtha ar dhaonra Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin agus Bhaile Átha Cliath Theas le blianta beaga anuas. I gcomparáid leis an meán náisiúnta, tá daonra níos óige sa réigiún agus céatadán níos airde de dhaoine fásta óga in aois oibre. Tugtar le fios sa daonáireamh is déanaí go bhfuil 26% de dhaonra réigiún BOOÁCDL faoi bhun 18 mbliana d'aois; meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcéatadán sin. Chomh maith le daonra óg atá ag fás a bheith ann, tá líon suntasach daoine ó mhionlaigh eitneacha ina gcónaí i réigiún BOOÁCDL. Cruthaíonn sé seo réigiún atá thar a bheith éagsúil, ó thaobh déimeagrafaice, cultúir agus teangacha de.

Tá raon leathan fostóirí sa réigiún. Baineann éagsúlacht mhór ó thaobh scála de leo seo, idir chuideachtaí móra ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide Éireannacha de, agus gnólachtaí nuathionscanta le líon beag fostaithe. Tá ceanncheathrú Eorpach agus/nó bunáiteanna oibríochtúla i mBaile Átha Cliath ag go leor cuideachtaí idirnáisiúnta, go háirithe cuideachtaí cógaisíochta agus teicneolaíochta. Is é méid agus castacht an cheantair a bhfreastalaímid air a mhúnlaíonn ár sainordú mar cheann de na soláthraithe foghlama ar feadh an tsaoil is mó sa réigiún. Tá ár bhfoghlaimeoirí éagsúil

ó thaobh aoise, cúlra agus cumais de. Mar fhreagra air sin, cuirimid réimse leathan tacaíochtaí, clár agus seirbhísí ar fáil.


## Uimhreacha Forbhreathnaithe Foghlaimeoirí do 2026

| Seirbhís | Líon na Suíomhanna | Líon na Rannpháirtithe/ na dTairbhithe |
|---|---|---|
| Bunscoileanna, Scoileanna Speisialta & Aonaid Ardtacaíochta | 18 | 3,574 |
| Scoileanna Dara Leibhéal - Coláistí Pobail lena n-áirítear Gaelcholáistí | 31 | 22,844 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 38 | 43,493* |
| Ranganna Oideachais Féinmhaoinithe do Dhaoine Fásta | 7 | 4,950 |
| Áiseanna Forbartha Óige & Spóirt | | 654,146** |


*Is ionann uimhreacha tairbhithe agus líon iomlán na bhfoghlaimeoirí arna iolrú faoi líon na gcúrsaí ar ghlac siad páirt iontu le linn na bliana. Is ionann 26,157 agus líon uathúil na bhfoghlaimeoirí.
** Is ionann 645,146 agus líon úsáideoirí na saoráidí spóirt pobail agus as an bhfigiúr sin, tá –33,726 i soláthar spriocdhírithe don aos óg agus is ionann an chuid eile agus líon iomlán úsáideoirí 6 shaoráid spóirt phobail laistigh de limistéar riaracháin BOOÁCDL.

## An Bord BOOÁCDL

Tá struchtúr corparáideach ag Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire atá comhdhéanta de bhord atá ceaptha go daonlathach agus foireann bainistíochta (feidhmiúcháin).



Freastalaímid ar na trí cheantar comhairle contae, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas agus Fine Gall agus daonra de bhreis is 865,000 duine. Síneann an limistéar riaracháin atá clúdaithe ag BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ó Bhaile Brigín i dtuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, go Dún Laoghaire i ndeisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus Leamhcán in iarthar Chontae Bhaile Átha Cliath.





I gcomhréir leis an reachtaíocht, tá 21 comhalta san iomlán ar Bhord BOOÁCDL. Tugann Comhaltaí Boird raon eolais shainiúil, scileanna, taithí agus saineolais chuig plé an Bhoird.

De réir alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, tagann Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad agus tuairiscíonn sé don Bhord ar chúrsaí airgeadais. De réir alt 45 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, tagann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) le chéile ceithre huaire sa bhliain ar a laghad agus cabhraíonn sé leis an mBord a fheidhmeanna iniúchta inmheánaigh a chomhlíonadh. Tá coistí an Bhoird comhdhéanta de chomhaltaí a bhfuil cáilíochtaí agus taithí ábhartha acu. Tagann an coiste Airgeadais agus an coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ar bhonn bliantúil chun a gcuid eolais agus taithí faoi seach a roinnt chun tacú le dea-rialachas a chur i bhfeidhm don eagraíocht.

De réir an Chóid Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, déanann comhaltaí uile an Bhoird agus coistí beart féinmheasúnaithe bliantúil.

## Struchtúr Eagraíochtúil

Tá struchtúr eagraíochtúil BOOÁCDL struchtúrtha thar cheithre rannán ar leith, ach iad idirnasctha: Breisoideachas & Oiliúint (BO), Tacaíocht & Forbairt Eagraíochta (TFE), Iar-bhunscoileanna, Bunscoileanna agus Seirbhísí Eile.




## Léarscáil Gheografach de Shuímh agus Seirbhísí BOOÁCDL



## Ráiteas Straitéise

Is é **misean** BOOÁCDL oideachas agus oiliúint, seirbhísí agus tacaíochtaí uilechuimsitheacha ardcháilíochta ábhartha *a sholáthar* a fhreastalaíonn ar riachtanais éagsúla ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobal agus ár bpáirtithe leasmhara. Tá ár **bhfís** uaillmhianach agus is í an fhís atá againn ná saol *a athrú* trí fhoghlaim, forbairt agus tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí chun go n-éireoidh leo i ndomhan síorathraitheach.

Lenár gcúig chroíluach, *tacaítear* leis an misean agus leis an bhfís ár gcúig chroíluach: Gairmiúlacht, Sármhaitheas, Comhionannas, Meas agus Tacaíocht. Tá ceithre thosaíocht straitéiseacha sainaitheanta ag BOOÁCDL do 2022–2026 agus tá sprioc ardleibhéil ag gabháil le gach tosaíocht.




## Tosaíochtaí Straitéiseacha

**Foireann**

**Chun tacú lenár bhfoireann agus iad a spreagadh chun feidhmiú agus forbairt, an foghlaimeoir a choinneáil i gcroílár gach a ndéanaimid agus iarracht a dhéanamh barr feabhais a bhaint amach.**

**Foghlaimeoirí**

**Chun oideachas, oiliúint agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a chuirtear ar fáil i dtimpeallacht thacúil agus na torthaí is fearr is féidir a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí.**

**Eagraíocht**

**Chun luach, tionchar agus cáil ár n-eagraíochta a neartú, trí éifeachtúlacht, solúbthacht agus trí mhian barr feabhais a bhaint amach ar fud na heagraíochta.**

**Páirtithe Leasmhara**


**Chun oibriú i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara chun ár dtionchar ar ár bpobail a uasmhéadú agus chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a bhrú chun cinn sna réigiúin a bhfreastalaímid orthu.**

Tá a sraith gníomhaíochtaí straitéiseacha féin ag gach sprioc. Ceapadh ár spriocanna agus ár ngníomhartha chun cabhrú le BOOÁCDL leas a bhaint as na deiseanna a thagann chun cinn agus chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá le sárú aige sna blianta atá le teacht. Leanfaidh BOOÁCDL ar aghaidh ag cur an fhoghlaimeora i gcroílár gach rud a dhéanaimid. Creidimid go bhfuil foghlaim ar feadh an tsaoil ríthábhachtach d'fhorbairt phearsanta agus folláine, ionchuimsiú sóisialta agus rathúnas eacnamaíoch. Leanfaidh an BOOÁCDL ag cinntiú go gcomhlíonann sé ceanglais na reachtaíochta agus an Chóid Cleachtais um Rialachas BOOnna.

Cinntíonn BOOÁCDL go bhfuil rochtain ag an bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla. Áirítear leis seo cur ar chumas na foirne a bheith ina gcleachtóirí machnamhacha, a scileanna a fheabhsú, agus comhoibriú le comhghleacaithe. Aithnímid gur féidir forbairt ghairmiúil a éascú ar bhealaí éagsúla: ó chláir chreidiúnaithe go ceardlanna agus líonraí foghlama gairmiúla.

## Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht Straitéise

Forbraítear an Plean Seirbhíse seo chun tacú le cur i bhfeidhm ár Ráitis Straitéise. Cé go leagtar amach sa Straitéis ár dtosaíochtaí agus ár spriocanna thar thréimhse 5 bliana, leanaimid orainn ag tacú lena soláthar i dtimpeallacht shíorathraitheach. Agus an plean seo á fhorbairt, thug Ceannairí Sinsearacha ar fud na heagraíochta faoi chur chuige comhoibritheach. Cinntíonn sé seo go bhfuil na gníomhartha sa phlean seo ailínithe leis na spriocanna agus na gníomhartha atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Cinntíonn sé seo freisin gur féidir na torthaí do 2026 a bhaint amach. Chun gur féidir na torthaí a bhaint amach, tá tionscadail á stiúradh ag baill foirne i bpróiseas comhoibritheach agus tá tacaíocht á chur ag baill foirne dóibh. Cuirfear tuarascáil ar dhul chun cinn ar fáil do gach páirtí leasmhar go luath in 2026.



## Forbairt Straitéise Nua

Le linn 2026, cuirfidh an eagraíocht tús le forbairt Ráiteas Straitéise nua BOOÁCDL do 2027–2031. Mar chuid den phróiseas sin, rachfar i gcomhairle go forleathan leis an bhfoireann, le páirtithe leasmhara, le comhpháirtithe agus le foghlaimeoirí chun a chinntiú go sainaithneofar cuspóirí straitéiseacha atá soiléir agus uaillmhianach. Cuirfidh an straitéis nua leis an bhfás leanúnach, leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt inbhuanaithe san eagraíocht, agus béim láidir á leagan i gcónaí ar an bhfoghlaimeoir i ngach próiseas pleanála agus cinnteoireachta.

## Ráiteas Seirbhísí 2026

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Sholáthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus BOOÁCDL, sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí sonracha chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le seachadadh:

| Sprioc | Tosaíocht | Gníomh | Táscaire Feidhmíochta | Cuspóir | Sprioc/ Tosaíocht san áireamh sa Phlean Seirbhíse (Tá/Níl) | Sprioc/ Tá tagairt don tosaíocht ar leathanach uimh. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Taithí an Mhic Léinn / an Fhoghlaimeora a bharrfheabhsú | Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | Pleanáil agus tacaíochtaí le haghaidh feabhsú scoile a chuíchóiriú chun riachtanais gach dalta a chur san áireamh | Bíonn cruinniú ag gach comhordaitheoir ar fud ár líonraí e.g. FMS (Féinmheastóireacht Scoile), RSO (Riachtanais Speisialta Oideachais), DEIS, BTB (Béarla mar Theanga Bhreise) uair sa téarma chun comhoibriú agus dul chun cinn a chinntiú. | Gach Iar-bhunscoil | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | Líonraí foghlaimeoirí a fhorbairt le béim ar leith ar 'ghuth an scoláire' in PSNanna (Pobalscoil Náisiúnta) | Athbhreithniú ar an gclár Pátrúnachta GMGY/Folláine trí phróiseas FMS | Leanfaidh gach ceann de na 10 scoil (Pobalscoileanna Náisiúnta agus Pobalscoileanna Speisialta) ag dul i dteagmháil le hIniúchadh FMS/ABSA | Tá | Leathanach 43-60 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | (Ag Breathnú ar an Scoil Againne) ag tacú le "Guth an Scoláire" | | |
| | | | Tabhairt isteach an chláir, Pátrún i scoileanna coinneála ardtacaíochta | Scoil choinneála ardtacaíochta amháin le bheith páirteach sa chlár Pátrúin i gcomhar le forbairt Éiteas na scoile | | |
| | | Clár Píolótach a fhorbairt do dhaltaí iar-bhunscoile, Guth an Scoláire a dhaingniú laistigh agus idir ár scoileanna agus chun tacú leis | Leanúint den Chlár Ghuth an Scoláire, mar thoradh ar ár gclár píolótach rathúil | 28 Iar-Bhunscoil páirteach sa chlár | Tá | |
| | | Fóram rannpháirtíochta Foghlaimeora PSN a bhunú | Ócáid bhliantúil foghlaimeora PSN a bhunú | Leanúint ar aghaidh le tráth na gceist bliantúil PSN a chur ar siúl chun scoil bhreise atá i mbéal forbartha a chuimsiú | Tá | |
| | | Múnla saincheaptha a bhunú do Threoir Ghairme ar fud Aonaid Choinneála agus Cúraim Speisialta | Teagmháil Aonaid Choinneála agus Cúraim Speisialta le próiseas 'faoi stiúir mic léinn' i gcomhair bealaí foghlama i ngach ionad | Creat um Shuíomh Foghlama Malartach (SFM) le haghaidh Treoirchomhairleoireachta a bhunú thar 3 Shuíomh Cúraim Speisialta | Tá | |
| | | Seirbhísí Tacaíochta TFC a sholáthar do scoileanna atá i mbéal forbartha | Soláthar agus seirbhís mhéadaithe | Leanúint ar aghaidh le Clár Naisc Dhigitigh ar fud na scoileanna i mbéal forbartha go léir | Tá | |
| | | Cleachtais uilechuimsitheacha a dhaingniú trí ghlacadh deiseanna FGL | Méadú ar líon na múinteoirí/teagascóirí/oidí BO | 20 múinteoir/teagascóir //oide BO breise le | Tá | Leathanach 43-60 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | a chur chun cinn i suaitheantas digiteach Dhearadh Uilíoch um Fhoghlaim (DUF) AHEAD | a bhaineann amach suaitheantas Digiteach Dhearadh Uilíoch um Fhoghlaim in 2024 | suaitheantais dhigiteacha DUF in 2025 | | |
| | | A chinntiú go gcuirtear oideachas agus oiliúint agus seirbhísí ar ardchaighdeán ar fáil d'fhoghlaimeoirí BO | Plean Feabhsúcháin Cáilíochta BO arna fhorbairt le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (DCCÉ) a aontú | Na gníomhartha feabhsúcháin cáilíochta a comhaontaíodh le DCCÉ a chur chun feidhme ar bhonn céimnithe 2023-2026 | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | Feabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí BO maidir le tacaíochtaí míchumais atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud BO | Líon na bhfoghlaimeoirí BO faoi mhíchumas a fhaigheann maoiniú le haghaidh tacaíochtaí sonracha a mhéadú | Méadú 20% ar fhoghlaimeoirí BO faoi mhíchumas a fhaigheann maoiniú le haghaidh tacaíochtaí sonracha | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | A chinntiú go leanann soláthar BO de tras-scileanna agus croíchumais a fhorbairt a ligfidh do rannpháirtithe bogadh ar aghaidh chuig deiseanna foghlama níos forbartha | Cláir BO a mhéadú a dhíríonn ar thras-scileanna a fheabhsú ag leibhéil DCCÉ 1 go 3 in BO | Deimhniú a thabhairt ar ais go leibhéil CNC 1-3 go 2019 agus iad a mhéadú 10% eile faoi dheireadh 2024 | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | A chinntiú go leanfar de thosaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste in BO maidir le rochtain ar Sheirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta (STS) agus Treoirchomhairleoireacht, agus ar sheirbhísí Faisnéise ar fud na heagraíochta chun coinneáil an ghrúpa sin i soláthar BO a fheabhsú agus chun dul chun cinn laistigh de BO, chuig fostaíocht nó deiseanna san | Comhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtais a chumasú idir gach ball foirne a sholáthraíonn Treoirchomhairleoireacht, agus Seirbhísí Faisnéise d'fhoghlaimeoirí BO | Cruinniú amháin ar a laghad de phobal cleachtais a reáchtáil don ghrúpa sin le STS le fócas ar bhealaí dul chun cinn | Tá | Leathanach 43-60 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Ardoideachas a chumasú de réir mar is cuí | | | | |
| | Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais de réir an bheartais náisiúnta reatha | Tacaíochtaí a thabhairt dár scoileanna DEIS | Cruinnithe rialta bunaithe ar riachtanais e.g. plean DEIS, litearthacht dhigiteach, soláthar mapála | Gach scoil DEIS a bheith páirteach sa Líonra DEIS | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | Scéimeanna feabhsaithe oideachais a chur ar fáil do gach duine óg idir 12-16 bliana d'aois trí sholáthar na Seirbhíse Óige | Coinnigh líon na scoláirí a ghlacfar isteach leo sa Chlár Foghlama Malartaí (CFM) in 2026 agus béim ar leith ar struchtúr foirmiúil le haghaidh aistrithe, coinneáil agus dul chun cinn foghlaimeoirí. | Athbhreithniú ar chreat ABSA don oideachas atá i bhfeidhm i ngach ceann de na 5 shuíomh | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | A chinntiú go gcuirfear Céim 3 den Chreatphlean soláthair do Music Generation Fhine Gall i bhfeidhm | Leanfar le cláir cheoil shaincheaptha agus moil uirbeacha a chur ar fáil do spriocghrúpaí aitheanta | Suímh Cúraim Speisialta, Grúpaí Míchumais, óige LADTI+, Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Óige an Lucht Siúil, CFM, DEIS agus scoileanna i mbéal forbartha.<br>3 Mhol Uirbeacha arna mbunú | | |
| | | | Bunchlár do na Luathbhlianta (0-4 bliana) le bunú | An clár a thairiscint do leanaí mar chuid den bhliain réamhscoile saor in aisce agus é a chur ar fáil thar naoi saoráid cúraim leanaí pobail | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Dea-chleachtas atá ann cheana a roinnt maidir le tacaíocht airgeadais a sholáthar d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas tríd an gciste le haghaidh Scoláirí faoi Mhíchumas agus an leithdháileadh Tacaíochta Foghlama | Rochtain ar an gCiste do Scoláirí faoi Mhíchumas (CMM) a mhéadú ar fud na n-ionad/na scoileanna/na gcoláistí BO go léir le haghaidh iad siúd a nglacfar isteach leo i bhFómhar 2025 | Méadú ar líon na bhfoghlaimeoirí atá ag glacadh le Tacaíocht Foghlama agus leis an gCiste do Scoláirí faoi mhíchumas ar fud BO BOOÁCDL | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | Bacainní d'fhoghlaimeoirí a laghdú trí rochtain ar thacaíochtaí airgeadais a mhéadú | An Ciste Reach a chur chun feidhme a chuireann tacaíocht airgeadais ar fáil do thionscadail atá dírithe ar bhacainní ar rannpháirtíocht in oideachas a laghdú d'fhoghlaimeoirí leochaileacha agus d'eagraíochtaí pobail atá ag feidhmiú i gceantair faoi mhíbhuntáiste | Scaoiltear glao ar iarratais in R1 na bliana ó 2024 i leith, agus déanfar é seo arís in 2026, agus leathnóidh sé seo an tréimhse ama agus barrfheabhsóidh sé rochtain ar thacaíochtaí agus laghdóidh sé bacainní rannpháirtíochta d'fhoghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais | Tá | |
| | | Cuirfear an chéad chéim eile sa chreat don Oideachas Pobail i bhfeidhm in 2025, d'fhonn a chinntiú go leanann soláthar BO de bheith ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí atá i mbaol imeallaithe inár bpobail | An Creat Oideachais Pobail nua a chur i bhfeidhm | Grúpa oibre a bhunú chun an Creat Oideachais Pobail a chur i bhfeidhm ar fud an réigiúin. | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | I gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta, an Straitéis um Litearthacht d'Aosaigh ALL a chur i bhfeidhm d'fhonn a chinntiú go leanann soláthar BO | Leanúint leis an gComhpháirtíocht Litearthachta Réigiúnach do réigiún Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar fad a óstáil. | Cinntigh go gcuirfear 3 chruinniú den Chomhpháirtíocht Litearthachta Réigiúnach in BOOÁCDL | Tá | Leathanach 43-60 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | de bheith ag freastal ar riachtanais foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste | | ar siúl faoi dheireadh R4 2025 | | |
| | | | Comhoibriú a spreagadh i measc na bpríomhpháirtithe leasmhara i soláthar Litearthachta d'Aosaigh chun Plean Réigiúnach Litearthachta a fhorbairt. | Plean Gníomhaíochta Litearthachta Réigiúnach na Comhpháirtíochta do 2025 a sheoladh | Tá | |
| | | An soláthar BO do scileanna litearthachta, uimhearthachta agus TF a mhéadú i gcomhréir le Straitéis 10 mbliana ALL | A chinntiú go dtugann cúrsaí BO aghaidh ar riachtanais na buíne suntasaí daoine fásta a bhfuil leibhéil ísle litearthachta, uimhearthachta agus scileanna TF acu in Éirinn | Leanúint leis an sprioc maidir le líon na bhfoghlaimeoirí aonair a ghlacann páirt i gclár 'Litearthacht d'Aosaigh don Saol' i scileanna litearthachta, uimhearthachta agus TFC a bhaint amach agus a shárú in 2025 | Tá | Leathanach 43-60 |
| | A chinntiú go bhfuil na bearta riachtanacha ar fad maidir le cosaint leanaí i bhfeidhm i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna | Oifigeach Forbartha um Chosaint Leanaí (CL) arna cheapadh | Clár d'imeachtaí Forbartha Gairmiúla CL lena n-áirítear baill foirne i suímh cúraim speisialta | Gach Príomhoide, Leas-Phríomhoide & baill BOO/BB de shuímh Iar-bhunscoile, Bhunscoile, ionad malartach agus BO | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | | A chinntiú go bhfuil na bearta cumhdaigh leanaí riachtanacha go léir i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí | A chinntiú go mbíonn 3 chruinniú den Choiste Ógtheagmhála ar siúl gach bliain | Tá | |
| | | | A chinntiú go ndéantar nuashonrú ar Bheartais um Chosaint agus Cumhdach | Deiseanna oiliúna rialta do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí | Tá | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Leanaí i ngach iar-bhunscoil chun na hathruithe le déanaí a chur san áireamh | Tánaisteacha, chun rialachas agus comhlíonadh cuí a chinntiú. Cuireadh tús le hoiliúint a chur ar gach ball nua de Bhoird Bhainistíochta i mí Eanáir 2025 | | |
| | A chinntiú go gcloítear go hiomlán leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna | Grúpa Maoirseachta CL BOOÁCDL bunaithe. Suirbhé Athbhreithnithe Rialachais CL | 3 Chruinniú den Ghrúpa CL in aghaidh na bliana. Suirbhé arna dhearadh de réir Nósanna Imeachta CL 2017 agus arna imscaradh chuig scoileanna | Oibríonn an grúpa seo le chéile laistigh dá théarmaí tagartha chun a chinntiú go gcomhlíonann gach scoil a freagrachtaí CL go hiomlán | Tá | Leathanach 43-60 |
| | A chinntiú go bhfuil bearta arna nglacadh chun daoine fásta leochaileacha a chosaint. | Oiliúint a chur ar fáil do gach ball foirne a oibríonn le daoine fásta leochaileacha | Beidh clár imeachtaí FGL ar siúl chun a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar an bhfoireann chun Beartas um Chosaint Daoine Fásta Leochaileacha a chur i bhfeidhm in 2025 | Clár oiliúna amháin a fhorbairt agus a sholáthar don fhoireann ábhartha in 2025 | Tá | Leathanach 43-60 |
| Cláir Chosanta | Cabhrú leis an RO, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascraíonn as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus | Áiteanna scoile arna dtairiscint chun soláthar oideachais do dhídeanaithe a chinntiú | Comhordaitheoir REALT arna cheapadh agus cruinnithe rialta REALT leis na páirtithe leasmhara go léir | Gach scoil ina bhfuil áiteanna scoile ar fáil | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | A chinntiú go bhfuil rochtain ar thacaíochtaí breise teanga | Cumarsáid rialta idir Comhordaitheoirí REALT agus BCTE | Tacaíocht iomlán a thabhairt do dhaltaí dídeanaithe laistigh dár scoileanna | Tá | |


| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | soláthar d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | Dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ar fad chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais teanga agus oideachais na ndídeanaithe agus na n-iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | Leanúint ar aghaidh ag cur le líon na n-iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta a ghlacann páirt in BO BOOÁCDL in 2025 | Tá BOOÁCDL BO ag tuar méadú breise 7% ar líon na dtairbhithe ar sholáthar BCTE in 2025 | Tá | Leathanach 43-60 |
| Rialachas | Rátaí freastail ag cruinnithe boird | Ba cheart do bhoird aonair béim a leagan arís ar an gceanglas maidir le freastal ar gach cruinniú boird de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas BOOnna | Líon na gcruinnithe agus na gcóram arna theacht le chéile | Freastal comhaltaí Boird ar chruinnithe Boird | Tá | Leathanach 43-60 |
| | Féinmheasúnuithe an Bhoird | Ba cheart do gach bord féinmheasúnuithe a dhéanamh, trí úsáid a bhaint as an gceistneoir atá sa Chód Cleachtais chun réimsí a aithint ina bhfuil gá le feabhsúcháin | Féinmheasúnaithe a Chur i gCrích | Le cur i gcrích ag Bord an BOO go bliantúil | Tá | Leathanach 43-60 |
| | Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | Ba cheart don bhord ceapacháin a dhéanamh chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Ba cheart do chomhaltaí seachtracha coistí na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais is gá a thabhairt chuig an ról | Tá saineolas cuí ag Coistí Iniúchóireachta agus Riosca agus Airgeadais i réimsí an iniúchta agus an airgeadais | Bunaítear coistí le comhaltaí a bhfuil cáilíochtaí agus taithí ábhartha acu | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | | | Bíonn comhchruinniú de na Coistí Airgeadais agus Iniúchóireachta agus Riosca ar siúl go bliantúil chun eolas agus saineolas a roinnt | Tá | |
| | Breithmheas an Bhoird ar obair déanta ag Coistí Airgeadais | Ba cheart do chathaoirleach gach boird a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha i scríbhinn ar fáil do chomhaltaí boird ar an obair a dhéanann na coistí | Tuairiscíonn ionadaithe an choiste Airgeadais agus Iniúchóireachta & Riosca do Bhord BOO | Cuirtear cóipeanna de mhiontuairiscí na gcruinnithe ar aghaidh chuig Bord BOO | Tá | Leathanach 43-60 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | agus Iniúchóireachta & Riosca | airgeadais agus iniúchta agus riosca de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna | | | | |
| | Féinmheasúnú ag na Coistí Airgeadais agus Iniúchta & Riosca | Ba cheart do chathaoirligh an choiste iniúchóireachta agus riosca agus an choiste airgeadais araon a chinntiú go gcuirtear an beart féinmheasúnaithe i gcrích gach bliain de réir mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais um Rialachas BOOnna | Feabhsúchán a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí | Arna chríochnú ag an gCoiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca go bliantúil | Tá | Leathanach 43-60 |
| | Forbairt Foirne* | Ba cheart don phríomhfheidhmeannach a chinntiú go;<br><br>- go gceaptar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna<br>- go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil<br>- go ndéantar clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Comhaltaí foirne a bhfuil freagracht bhreise orthu as treorú clár oiliúna agus deiseanna sonracha a shainaithint. | Oiliúint a chur ar fáil do Chomhaltaí Boird agus don fhoireann chuí | Tá | Leathanach 43-60 |
| | | | Comhoibriú le BOOÉ maidir le cláir oiliúna lárnacha do chomhaltaí Boird de réir mar is cuí | Comhoibriú leanúnach maidir le dearadh agus soláthar clár oiliúna | Tá | |
| | Tuairisceáin na Roinne agus spriocdhátaí tuairiscithe | Caithfidh tuairisceáin chuig an Roinn a bheith cruinn agus caithfidh siad cloí leis an spriocdháta tuairiscithe | Na tuarascálacha arna n-eisiúint go tráthúil | Déanfaidh BOOÁCDL a dhícheall gach iarratas RO a chomhlíonadh | Tá | Leathanach 43-60 |
| | Beartas Bainistíochta Riosca | Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach ann atá deartha chun rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí eintiteas a bhaint amach a shainaithint | An Clár Riosca a choinneáil, a bhainistiú agus a fheabhsú | Athbhreithniú leanúnach ag an bhFoireann Ceannaireachta Shinsearach, ag an nGrúpa Rialachais, ag | Tá | Leathanach 43-60 |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | agus chun aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don choiste iniúchóireachta agus riosca tacú leis an mbord sa ról seo | Athbhreithnithe ráithiúla a dhéanamh ar an gClár Riosca Chorparáidigh | gach scoil agus ionad agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca | | |
| | | | Athbhreithnithe ráithiúla a dhéanamh ar an gClár Riosca Chorparáidigh | Athbhreithnithe ráithiúla arna gcríochnú | Tá | |
| | Rialuithe Inmheánacha | Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar a bhí beartaithe | Tá rialuithe inmheánacha ag obair go héifeachtach agus faoi réir athbhreithniú | Tá rialuithe inmheánacha i bhfeidhm agus arna n-athbhreithniú | Tá | Leathanach 43-60 |

*Tagraíonn sé seo do BOO a chinntíonn go sanntar freagracht fhoriomlán do bhall dá fhoireann reatha as maoirseacht a dhéanamh ar oiliúint agus í a chur chun feidhme ar fud an BOO agus é mar chuspóir aige cur chuige straitéiseach, comhleanúnach agus éifeachtúil a chinntiú maidir le hoiliúint ar fud na réimsí feidhme go léir. Is féidir le ról den sórt sin teacht le struchtúir agus socruithe atá ann cheana ar fud an BOO agus ní ceanglas é go mbeadh sé ina ról lánaimseartha. Is í an phríomhcheist ná ball foirne a bheith ann a bhfuil freagracht agus maoirseacht iomlán air/uirthi as an gclár oiliúna.

## Forbhreathnú ar Sheirbhísí




Tá sé mar aidhm fhoriomlán againn cur ar chumas foghlaimeoirí a lánacmhainneacht a bhaint amach. Déanann BOOÁCDL a dhícheall eispéiris foghlama a thairiscint a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlaimeoirí de gach aois agus cumas. Leanfaidh fás agus scála leanúnach ár seirbhísí ag fás le linn 2026 mar a léirítear thíos inár dtuarascáil ar fhás airgeadais réamh-mheasta. Tá áitribh agus acmhainní oiriúnacha dár bhfoghlaimeoirí ríthábhachtach inár dtiomantas don oideachas uilechuimsitheach agus inbhuanaithe. Tá BOOÁCDL aireach freisin maidir lenár bhfreagrachtaí maidir le cearta an duine agus comhionannas, mar sholáthraí seirbhíse agus mar fhostóir araon. Is modh riachtanach í an teicneolaíocht chun foghlaim, comhoibriú agus cumarsáid a fheabhsú i measc ár bhfoghlaimeoirí agus ár bpáirtithe leasmhara. Chuige sin, oibrímid lena chinntiú go bhfanfaidh ár gcórais dhigiteacha inrochtana, iontaofa agus go bhfuil cosaint acu.

## Forbhreathnú ar Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

Tá Foireann Tacaíochta agus Forbartha na hEagraíochta lonnaithe go príomha i mBaile Átha Cliath agus i gCeannoifig BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24, ach tá oifigí acu freisin in Ionaid Oiliúna Bhaile Dúill agus Bhaile Uí Lachnáin. Tacaíonn Foireann TFE leis an bPríomhfheidhmeannach maidir le raon iomlán seirbhísí a sholáthar ar fud na heagraíochta sna cúig phríomhréimse feidhme i.e. foirgnimh agus réadmhaoine, seirbhísí corparáideacha, airgeadas, acmhainní daonna agus TFC.




Cuireann an fhoireann Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE) tacaíocht riaracháin ar fáil do bhreis is 5180 ball foirne i Scoileanna, Coláistí, Ionaid agus seirbhísí ar fud ár láithreacha go léir, an Ceannoifig san áireamh. Tá sé mar aidhm ag Stiúrthóireacht TFE na struchtúir agus na córais chuí a fhorbairt chun na seirbhísí den chaighdeán is airde a bhaint amach ar fud na heagraíochta agus déanfaidh sí a dícheall a chinntiú go bhfuil na hacmhainní daonna, airgeadais agus bonneagair iomchuí i bhfeidhm chun Ráiteas Straitéise BOOÁCDL a chur i bhfeidhm. Tá gach aonad á bhainistiú ag Príomhoifigeach Cúnta a thuairiscíonn go díreach don Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta.

Tá BOOÁCDL tiomanta d'inbhuanaitheacht a chothú i ngach gné dár n-oibríochtaí, ag teacht lenár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide chun tionchar comhshaoil a íoslaghdú. Mar chuid den tiomantas seo, díreoidh BOOÁCDL ar dhícharbónú a cuid foirgneamh, ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú trí infheistíocht chaipitil agus trí bhainistíocht fuinnimh, ar thaisteal inbhuanaithe a spreagadh, ar fheasacht ar chleachtais inbhuanaithe a mhéadú i measc na foirne agus na bhfoghlaimeoirí, agus ar thionscnaimh na hinbhuanaitheachta agus na bithéagsúlachta a chur chun cinn. De réir mar a mhéadóimid chun freastal ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí, déanfaimid amhlaidh ar bhealach atá inbhuanaithe agus réamhbhreathnaitheach araon. In

2026, cuirfidh BOOÁCDL tús le cur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 chun tacú lena cuid dualgas maidir leis an inbhuanaitheacht.

Mar aon lenár dtionscnaimh inbhuanaitheachta, táimid ag glacadh leis na deiseanna a chuireann teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar fáil freisin. Tríd an Intleacht Shaorga (IS) a thabhairt isteach ar bhealach freagrach sa teagasc, san fhoghlaim agus i bpróisis na heagraíochta, cuirfear feabhas ar an taithí a bheidh ag an bhfoireann agus ag na bhfoghlaimeoirí araon. De réir mar a thagann na nuálaíochtaí seo chun cinn, táimid tiomanta a chinntiú go gcuirfear an Intleacht Shaorga i bhfeidhm go slán agus go heiticiúil, faoi chreat rialachais láidir, agus béim ar leith á cur ar an gcibearshlándáil agus ar chosaint sonraí.

In 2026, leanfaimid de bheith ag ullmhú do chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Slándála Faisnéise (CBSF), chun ár n-athléimneacht chibearshlándála a neartú agus chun iontaofacht ár mbonneagair TFC a fheabhsú tuilleadh. Tacóidh cur i bhfeidhm an Bhunchaighdeáin Chibearshlándála leis an obair sin tuilleadh trí na cosaintí atá i bhfeidhm chun sláine, infhaighteacht agus rúndacht chórais agus shonraí na heagraíochta a neartú.

I rith 2026, oibreoidh BOOÁCDL go dlúth le Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (SGCO) chun na seirbhísí seo a leanas a aistriú chuig an ardán seirbhísí comhroinnte faoi SGCO:

- Cumraíocht Soláthróirí Nua
- Próiseáil Sonrasc
- Oiliúint Foirne
- Íocaíochtaí Seachtainiúla
- Tuairisceáin Ioncaim
- Ceisteanna ó Sholáthróirí

## Feidhmeanna Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

| | AD | TFC | Foirgnimh agus Maoin agus Inbhuanaitheacht | Seirbhísí Corparáideacha | Airgeadas | Soláthar |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Pleanáil Acmhainní agus Leithdháileadh agus Úsáid Múinteoirí | Suiteáil agus bainistiú Bonneagair TF | Scoileanna nua agus síntí mórscála a chur ar fáil tríd an gclár oibreacha caipitil. | Rialachas Corparáideach | Bainistíocht Airgeadais, Buiséadú agus Tuairisciú | Earraí agus Seirbhísí a Sholáthar |
| | Seirbhísí Earcaíochta agus Ionduchtaithe | Cibearshlándáil | Seachadadh cóiríochta scoile breise trí chlár oibreacha modúlach. | Seirbhísí do Chustaiméirí | Ráiteas airgeadais bliantúil (RAB) agus ráiteas ar rialuithe inmheánacha (RRI) a ullmhú | Soláthar Caipitil agus Foirgnimh |
| | Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána Riarachán | Bainistiú ar chórais ar an láthair agus ar chórais néalbhunaithe | Bainistiú ar chúrsaí réadmhaoine BOOÁCDL, ar nós léasanna, ceadúnais, diúscairt suíomhanna agus suíomhanna a fháil. | Cosaint Sonraí / Saoráil Faisnéise | Éilimh CSE a bhainistiú | Bainistíocht Conarthaí |
| | Riarachán Párolla agus Pinsin | Bainistíocht ar sholáthar agus seachfhoinsiú TFC | Comhairle agus tacaíocht maidir le córais chothabhála agus deisiúcháin ar réadmhaoin atá faoi úinéireacht nó faoi léas ag BOOÁCDL | Acht na dTeangacha Oifigiúla | Comhordú ar iniúchtaí AE, AR&CC agus AII | Comhlíonadh, Anailís agus Tuairisciú |
| | Bainistíocht Asláithreachta; Riarachán Saoire Reachtúil agus Neamhreachtúil | Leanúnachas Gnó/Athshlánú ó Thubaistí | Seachadadh na gclár Oibreacha Samhraidh agus Éigeandála. | Cumarsáid, Na Meáin agus Brandáil. Riaradh agus íocaíocht na Scéimeanna Deontas don Oideachas Pobail agus Reach. | Bainistíocht ar mhaoiniú SOLAS | Oiliúint do Pháirtithe Leasmhara |
| | Caidreamh Foirne | Leanfaidh TFC de thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh atá dírithe ar an gClaochlú Digiteach | An Scéim Painéal Fótavoltach do Scoileanna agus an Clár Bithmhaise a chur i bhfeidhm. | Sláinte & Sábháilteacht | Creidiúnaithe agus Íocaíochtaí Deontais, Párollaí Foghlaimeoirí agus Printíseach | Teagmháil a dhéanamh le BOOÉ, OSR agus SSO maidir le creataí náisiúnta |
| | Oiliúint & Forbairt Foirne | Oiliúint | Tionscadail agus tionscnaimh maidir le gníomhú ar son na haeráide agus an inbhuanaitheacht a chur i bhfeidhm. An bhearna idir feidhmíocht BOOÁCDL agus a sprioc do 2030 a laghdú. Deimhniú 50001ISO. | Árachas & Riosca | Taisteal agus Cothabháil | Ionadaíocht BOOÁCDL ar chomhlachtaí agus ar fhóraim soláthair |

## Forbhreathnú ar Phobalscoileanna Náisiúnta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) ina Phátrún ar naoi bPobalscoil Náisiúnta (PSN), Scoil Ospidéil Phobail amháin agus cúig Phobalscoil Speisialta, agus tá dhá cheann acu ag oscailt i Meán Fómhair 2026. Tá éiteas ilchreidmheach ag na scoileanna seo, agus cúig chroíluach mar bhonn agus mar thaca acu: Sármhaitheas san Oideachas, Cúram, Comhionannas, Pobal agus Meas. Is iad na scoileanna seo na scoileanna náisiúnta státbhainistithe, státmhaoinithe amháin a sholáthraíonn oideachas ionchuimsitheach arna neartú ag clár Pátrúnachta, Goodness me, Goodness you (GMGY).

Tá éileamh atá ag méadú i measc tuismitheoirí atá ag iarraidh ar an Stát níos mó roghanna a sholáthar do chineálacha scoile seachas múnlaí aonchreidmheacha. Freagraíonn forbairt na Pobalscoile Náisiúnta agus teacht chun cinn mhúnla na bPobalscoileanna Speisialta faoi na Boird Oideachais agus Oiliúna an dá éileamh chomh maith le tús a chur le héabhlóid iontach spreagúil in oideachas na hÉireann. Éiríonn le cáilíocht an oideachais agus an deis chun a ullmhú don saol i sochaí ilchreidmheach agus ilchultúrtha leanaí a tharraingt ó gach cúlra chuig múnla PSN. Meastar go leanfaidh fás an mhúnla seo ar aghaidh in 2026 de réir mar a dhéanfar scoileanna aonphátrúnachta atá ann cheana a athchumrú mar Scoileanna Náisiúnta Pobail agus de réir mar a mhéadóidh an t-éileamh ar sholáthar oideachais speisialta arna chur ar fáil ag an Stát.

Chun a chinntiú go gcomhlíonfar cuspóirí straitéiseacha BOOÁCDL, soláthróidh BOOÁCDL na nithe seo a leanas ar fud na bPobalscoileanna Náisiúnta le:

- Oideachas, oiliúint agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar a chuirtear ar fáil i dtimpeallacht thacúil agus na torthaí is fearr is féidir a sholáthar dár bhfoghlaimeoirí
- Tacaíocht a thabhairt dár bhfoireann agus iad a spreagadh chun feidhmiú agus forbairt, an foghlaimeoir a choinneáil i gcroílár gach a ndéanaimid agus iarracht a dhéanamh barr feabhais a bhaint amach
- Luach, tionchar agus cáil ár n-eagraíochta a neartú
- Oibriú i gcomhar le réimse páirtithe leasmhara chun ár dtionchar ar ár bpobail a uasmhéadú agus chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a bhrú chun cinn sna réigiúin a bhfreastalaímid orthu.

## Forbhreathnú ar Phobalscoileanna Speisialta

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) bródúil as a bheith ina Phátrún ar chúig Phobalscoil Speisialta (PSS) agus mar a luadh thuas, tá dhá cheann acu le hoscailt i Meán Fómhair 2026.

Cuireann Pobalscoileanna Speisialta (PSS) oideachas saincheaptha ar fáil do dhaltaí idir 4 agus 18 mbliana d'aois a bhfuil Uathachas orthu agus/nó riachtanais chasta foghlama acu agus a bhfuil measúnú gairmiúil déanta orthu a chuir in iúl go mbeadh Scoil Speisialta oiriúnach dóibh. Feidhmíonn na scoileanna sin laistigh de chreat na Pobalscoile Náisiúnta, ag cloí le luachanna na sármhaitheasa maidir le hoideachas, cúram, comhionannas, pobal agus meas. Is institiúidí Stát-mhaoinithe, il-sainchreidmheacha agus comhoideachais iad.

Is é ár bhfís do na scoileanna sin ná timpeallacht foghlama atá fáilteach, cuimsitheach agus dinimiciúil a chruthú, áit a bhfuil gach scoláire i gcroílár an eispéiris oideachais. Cuireann scoláirí inár PSSanna lena mbraistint chómhuintearais, agus forbraíonn siad grá don fhoghlaim, agus iad ag baint taitneamh as eispéireas scoile atá dearfach agus saibhir.

Tá an curaclam a sheachadtar in PSS i gcomhréir leis na treoirlínte atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais, agus déantar oiriúnuithe chun freastal ar riachtanais aonair gach aon scoláire. Úsáidtear réimse modhanna gníomhacha teagaisc, foghlama agus measúnaithe chun barr cumais gach aon scoláire a bhaint amach. Cuireann múinteoirí, agus foireann ildisciplíneach an linbh ag tacú leo, timpeallacht chothaitheach agus spreagúil ar fáil a chuireann fás pearsanta, sóisialta agus acadúil an scoláire chun cinn. Tá Plean Oideachais Aonair (POA) ag gach aon scoláire atá curtha le chéile chun freastal ar a riachtanais uathúla.

Cuireann PSS réimse gníomhaíochtaí comh-churaclaim agus seach-churaclaim ar fáil a chuireann beocht sa churaclam, sa seomra ranga agus níos faide i gcéin.

Tá tiomantas do chaidrimh mheasúla agus dhearfacha a fhéachann le dínit gach aon duine a chothú i gcroílár PSS. Tá BOOÁCDL tiomanta do thimpeallacht shábháilte agus thacúil a chinntiú inar féidir le scoláirí fás agus barr a gcumais a bhaint amach. Tá páirt lárnach ag caidrimh láidre a thógáil le scoláirí, lena dteaghlaigh, agus le gach duine atá bainteach lena gcúram agus lena n-oideachas chun eispéireas foghlama ardchaighdeáin a sheachadadh.

- 3,461 Foghlaimeoir
- 9 bPobalscoil Náisiúnta
  3 Phobalscoil Speisialta
  1 Phobalscoil Ospidéil
  3 Shainaonad Ardtacaíochta
- 3 Scoil faoi Scéim DEIS
- 3 Scoil a bhfuil Clár Críochnú Scoile (CCS) agus Scéim Theagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) acu
- Clár Pátrún BOOÉ do Bhunscoileanna agus Comhordaitheoir GMGY i ngach scoil acu
- 11 Scoil a bhfuil an clár Pátrún á mhúineadh acu
- 34 Rang Speisialta thar 11 scoil
- An clár Naisc Dhigitigh agus clár Tacaíochta TF d'ardáin teagaisc ó chian thar 14 Scoil
- Líonra Comhoibritheach do Phríomhoidí le soláthar FGL saincheaptha ó BOOÁCDL agus ó chomhlachtaí rannóige
- Líonra Phobail Cleachta BOOÉ do Phríomhoidí PSNanna á éascú ag Stiúrthóirí Scoileanna
- Tacaíocht aistrithe do Phobalscoileanna athchumraithe (brandáil agus feasacht ar líne) ó Fhoireann Tacaíochta Forbartha BOOÁCDL

## Tacaíochtaí Breise do Scoileanna Speisialta

In 2025, cuireadh de chúram ar gach Bord Oideachais agus Oiliúna (BOO) cabhair a thabhairt do Scoileanna Speisialta laistigh dá réigiúin maidir le bainistíocht agus earcaíocht múinteoirí iar-bhunscoile chun tacú le leathnú an churaclaim iar-bhunscoile do scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu. Cuireadh tús leis an tionscnamh sin ag an am céanna le cur i bhfeidhm iomlán Churaclam Bunscoile nua na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta, rud a chuir tús le tréimhse d'oiriúnuithe suntasacha laistigh de Scoileanna Speisialta. Tá cur chuige níos solúbtha, níos cuimsithí agus níos iomlánaíche i leith teagaisc agus foghlama lárnach sa churaclam nuashonraithe.

Is é ról BOOÁCDL ná a chinntiú go gceapfar múinteoirí ard-oilte agus tiomanta i 19 Scoil Speisialta bhreise i mBaile Átha Cliath a fhreastalaíonn ar 1,246 scoláire agus 47% díobh 13 bliana d'aois agus os a chionn. Tá sé mar aidhm ag an tacaíocht sin curaclam cothrom, comhtháite agus solúbtha a sholáthar atá saincheaptha go cúramach chun freastal ar riachtanais uathúla gach aon scoláire. Leanfaidh an obair sin ar aghaidh ar feadh 2025 agus ina dhiaidh sin.

### Forbhreathnú ar Sheirbhísí Óige & Spóirt

Tá ról lárnach ag Rannóg Óige agus Spóirt BOOÁCDL i bhfreagairt do riachtanais daoine óga idir 10 agus 24 bliana d'aois ar fud réigiún BOOÁCDL. Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh rochtain ag gach duine óg ar dheiseanna ardchaighdeáin i réimsí an oideachais, an spóirt, an áineasa agus na forbartha pearsanta i suíomhanna óige atá oscailte do chách agus i suíomhanna atá dírithe ar riachtanais shonracha araon.

## Cur chuige bunaithe ar fhianaise

Gach trí bliana, déanaimid anailís chuimsitheach ar riachtanais bunaithe ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon. Tríd an bpróiseas seo, aithnítear bearnaí sa soláthar seirbhísí agus cuirtear bonn eolais faoinár gcuid iarrachtaí chun na hacmhainní is gá a bhaint amach chun go bhféadfar cláir éifeachtacha a chur ar fáil. Tá an Plean Forbartha don Obair Óige is déanaí, 2024–2026, bunaithe ar thaighde a rinneadh i dtuarascálacha réigiúnacha agus náisiúnta, chomh maith le sonraí Dhaonáireamh 2022 ón bPríomh-Oifig Staidrimh, a léirigh fás suntasach sa daonra agus athruithe i bpróifíl aoise dhaonra an réigiúin.

Ag Tacú le níos mó ná 28,000 duine óg i Soláthar Spriocdhírithe don Aos Óg

37 Ball Foirne BOOÁCDL ag tacú leis an soláthar seo

Níos mó ná €11 milliún ag tacú le soláthar seirbhísí óige in BOOÁCDL

Os cionn 5,000 duine óg ag glacadh páirte i 116 club óige deonach

7,278 duine óg cláraithe i gclubanna óige deonacha áitiúil

1,827 oibrí deonach i gclubanna deonacha áitiúil

17,030 duine óg páirteach i dTionscadail UBU

6 Ionad Spóirt a dtugann 607 duine cuairt orthu,599

12 tionscadal óige ar fáil in ionaid BOOÁCDL

32 Tionscadal Óige UBU in BOOÁCDL

Beagnach 7,000 duine óg páirteach trí sheirbhísí eile atá maoinithe ag BOOÁCDL

14 Scéim Deontais á riar ag Óige agus Spórt BOOÁCDL

I ndaonáireamh 2022 bhí fás suntasach ar an daonra i réigiún BOOÁCDL, lena n-áirítear méadú ar aoisghrúpaí ar leith i ngach ceann de na ceantair bhardasacha. Beidh an plean seo mar threoir dár gcuid oibre sa tréimhse 2025–2027 agus cinnteofar leis go ndéanfar seirbhísí a phleanáil agus a fhorbairt ar bhealach a fhreagróidh do riachtanais daoine óga atá ag athrú i gcónaí. Cabhróidh sé linn freisin bearnaí sa soláthar seirbhísí a aithint agus na seirbhísí atá ann cheana a fhorbairt agus a neartú de réir mar is gá.

## Ár gCur Chuige

Cuirimid seirbhísí ar fáil trí na bealaí seo a leanas:

- Soláthar díreach trí chláir ar nós an Clár Malartach Foghlama (CMF) agus trí thionscnaimh spóirt.
- Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta forbartha óige, le Comhairlí Cathrach agus Contae, le CFCLDÓanna agus le grúpaí forbartha pobail.
- Comhairliúchán le daoine óga lena chinntiú go mbíonn tionchar ag a gcuid tuairimí ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil dóibh.

Tá ár gcuid oibre bunaithe ar threoirlínte UBU – Your Place, Your Space 2024–2027, agus béim á leagan ar chur chuige nuálach a spreagann rannpháirtíocht daoine óga i suíomhanna neamhfhoirmiúla foghlama a thacaíonn lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta.

### Dúshláin agus Freagairtí

Tá dúshláin chasta roimh dhaoine óga sa lá atá inniu ann, ina measc:

- Brúnna na meán sóisialta
- Bulaíocht ar líne
- Vápáil agus piarbhrú
- Leibhéil imní atá ag méadú

Bíonn seirbhísí óige faoi bhrú freisin mar gheall ar chaillteanas foirne, easpa áitribh oiriúnacha agus srianta maoinithe. Mar fhreagairt ar na dúshláin sin, chuireamar na nithe seo a leanas ar fáil in 2024:

- 5 sheisiún líonraithe do sholáthraithe seirbhísí UBU
- Oiliúint Decider do 40 oibrí óige
- Oiliúint bhainistíochta do 30 ball foirne sinsearaí
- Féilire oiliúna don fhorbairt ghairmiúil leanúnach

Leanfaidh na tionscnaimh seo ar aghaidh in 2026, agus aird athnuaite á díriú ar fhorbairt clubanna deonacha, réimse inar tháinig laghdú os cionn 50% ar an ngníomhaíocht ó phaindéim COVID-19. Is dúshlán náisiúnta fós é earcú oibrithe deonacha, agus tá sé d'aidhm againn dul i ngleic leis sin trí chomhoibriú straitéiseach le páirtithe leasmhara náisiúnta.

### Príomhthosaíochtaí do 2026

- Rannpháirtíocht le seirbhísí atá maoinithe faoin gclár UBU a neartú chun comhlíonadh agus cáilíocht a chinntiú.
- An roinn a athbhunú agus a neartú i ndiaidh na paindéime.
- Plean straitéiseach don obair dheonach óige a fhorbairt chun tacú lena fás agus leis an aitheantas atá tuillte ag ár n-oibrithe deonacha.
- Comhoibriú le Léargas a leathnú maidir le taighde agus le hacmhainní maoinithe a chur chun cinn.
- Comhpháirtíochtaí agus líonraí comhoibrithe a chothú chun tionchar dearfach a bhaint amach don phobail, go háirithe sna ceantair atá faoi mhíbhuntáiste.

### Ag Súil Chun Cinn

De réir mar a fhásann an daonra óg, tagann méadú ar na riachtanais atá le freastal air. Táimid fós dírithe ar acmhainní a neartú agus a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais sin. Táimid ag déileáil freisin le hathruithe ar shocruithe maoinithe, ar nós deireadh a bheith le tacaíocht an Chláir Seirbhísí Pobail (CSP) ó Pobal i mí na Nollag 2025.

Le tacaíocht na hathléimneachta, an chomhoibrithe agus na nuálaíochta, leanfaidh Rannóg Óige agus Spóirt BOOÁCDL de bheith ag obair lena chinntiú go mbeidh na deiseanna agus an tacaíocht chuí ar fáil do dhaoine óga ar fud an réigiúin chun forbairt agus chun rath a bhaint amach.

## Forbhreathnú ar Earnáil Iar-bhunscoile BOOÁCDL

| | | |
|---|---|---|
| 22,518 Foghlaimeoir | 31 Coláiste Pobail lena n-áirítear 4 Ghaelcholáiste and 1 Aonad Lán Gaeilge | Comhphátrún ar 1 Scoil agus iontaobhaí ar 18 bPobalscoil. |
| 10 Scoil faoi Scéim DEIS | 10 Scoil le Clár Críochnaithe Scoile agus Teagmháil Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP) | 38 Seomra Ranga Speisialta ar fud 20 scoil |
| Creat Pátrúnachta BOOÉ maidir le hÉiteas, agus Comhordaitheoir Éiteas i ngach scoil | 9 Scoil ag glacadh páirt i gCuraclam na bPátrún (OFCÉL) | Líonraí Comhoibrithe agus Forbairt Ghairmiúil do Phríomhoidí, Príomhoidí Tánaisteacha, Múinteoirí agus CRSanna |
| Clár Naisc Dhigitigh agus Roinn Tacaíochta TF | Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta BOOÁCDL | An Fhoireann Forbartha agus Comhordaitheoirí Cláir atá freagrach as Forbairt Ghairmiúil a stiúradh agus a chur chun cinn |


Cothaíonn ár 31 Coláiste Pobail iar-bhunscoile BOOÁCDL cultúr ionchuimsithe agus glacann siad le nádúr éagsúil ár bpobal. Tá siad dírithe ar an bpobal, dírithe ar an bhfoghlaimeoir agus spreagann siad rannpháirtíocht tuismitheoirí.

Tá pobail ghníomhacha scoile againn a dhéanann á ndícheall ár nÉiteas BOO agus Croíluachanna um Chomhionannas, Meas, Cúraim, Pobail agus Sármhaitheasa san Oideachas a chomhlíonadh agus táimid bródúil as ár dtiomantas don Nuálaíocht san Oideachas, do Riachtanais Speisialta Oideachais, do Theicneolaíocht Faisnéise agus do chur chun cinn na nEalaíon.

In BOOÁCDL tá an foghlaimeoir i gcroílár gach rud a ndéanaimid, agus is é an aidhm fhoriomlán atá againn ná pobal a chruthú ina mothaíonn gach foghlaimeoir go bhfuil meas air/uirthi agus go bhfuil sé de chumas aige/aici a lánacmhainneacht aonair a bhaint amach. Tá tiomantas diongbháilte againn chun tacú le forbairt agus folláine iomlán gach foghlaimeora agus creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach timpeallacht thacúil agus

chuimsitheach a chothú chun an t-eispéireas oideachais is fearr is féidir a sholáthar do chách. Tá struchtúir éagsúla i bhfeidhm chun tacaíochtaí pearsantaithe, idirghabhálacha réamhghníomhacha, agus tionscnaimh chomhoibritheacha a sholáthar chun tacú lenár bhfoghlaimeoirí.
Oibríonn an Fhoireann Forbartha Iar-bhunscoile lena chinntiú go dtugtar tacaíocht dár bhfoireann agus go bhfuil teacht acu ar dheiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a fheabhsaíonn, dá réir, torthaí d'fhoghlaimeoirí agus dár n-eagraíocht.

Seo a leanas forbhreathnú ar na tacaíochtaí agus ar na pobail chleachtais a chuirtear ar fáil faoi láthair agus iad á gcatagóiriú faoi Thosaíocht Straitéiseacha BOOÁCDL mar a shainaithnítear inár Ráiteas Straitéise 2022-2026:




Tugtar tacaíocht do FGL breise agus do Phobail Chleachtais Foghlama agus Teagaisc i réimsí éagsúla:

- Folláine agus Féinchúram
- Modheolaíochtaí Teagaisc agus Foghlama
- Ionchuimsiú agus Éagsúlacht
- Athléimneacht san Ionad Oibre
- Cumarsáid
- Ag Obair i bhFoirne agus ag Treorú Foirne

- Ceannaireacht
- Foghlaim agus Teagasc a bhaineann go sonrach le hábhar

In 2026, leanfaidh BOOÁCDL ag tacú lenár bpobail, lenár líonraí agus ag tairiscint ár raon iomlán de Chláir Forbartha Gairmiúla a leagtar béim orthu thuas. Ina theannta sin, leanfaimid orainn ag déanamh taighde agus forbartha ar chláir nua agus iad a thairiscint agus ag tacú le líonraí nua agus muid ag obair go dlúth lenár Rannóg TF agus le gníomhaireachtaí eile chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag ár bhfoireann ar dheiseanna forbartha gairmiúla atá comhsheasmhach, ar ardchaighdeán agus cuimsitheach. Leanfaimid orainn ag feabhsú deiseanna dár bhfoghlaimeoirí guth a bheith acu agus a bheith freagrúil don ghlór sin. Deis eile do 2026 ná leanúint de sheisiúin a reáchtáil lenár gceannairí sinsearacha chun na léargais agus na nuálaíochtaí a tháinig chun cinn ó chigireachtaí na Roinne a chomhroinnt.

## An Tionscadal um Athchóiriú an Chláir Críochnaithe Scoile

Leanfaidh BOOÁCDL de bheith ag obair go straitéiseach leis an Roinn Oideachais agus Óige agus leis an tSeirbhís Leasa Oideachais mar ullmhúchán d’aistriú fhoireann tionscadail an Chláir Críochnaithe Scoile chuig fostaíocht BOOÁCDL. Chuige sin, tá teagmháil déanta againn cheana féin le ball d’fhoireann bhainistíochta STOT CCS chun an próiseas agus ár ról féin ann a phlé. Meastar go reáchtálfar roinnt cruinnithe eile le linn 2026 chun ullmhú don aistriú atá romhainn.
Leanfaidh an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí i mBOOÁCDL ag obair le chéile lena chinntiú go mbeidh muid ullamh dár bhfreagrachtaí faoi na Treoirlínte um Ullmhacht don Aistriú agus go gcuirfear na hacmhainní agus an maoiniú riachtanach ar fáil dúinn.

## Cosaint Leanaí

Beidh na Nósanna Imeachta nuashonraithe um Chosaint Leanaí 2025 de chuid ROÓ curtha i bhfeidhm ag gach scoil, coláiste agus ionad Ógtheagmhála de chuid BOOÁCDL faoi thús na bliana acadúla 2026. Tugaimid tacaíocht do scoileanna chun a gcuid dualgas maidir le cosaint agus cumhdach leanaí a chomhlíonadh trí oiliúint chuimsitheach a chur ar fáil don lucht bainistíochta, don fhoireann agus do Bhoird Bhainistíochta. Cinntítear leis sin go gcomhlíontar ceanglais an Achta um Thús Áite do Leanaí, 2015 agus Nósanna Imeachta nuashonraithe ROÓ um Chosaint Leanaí do Scoileanna, 2025.
Cuirimid oiliúint shaincheaptha ar fáil do mhúinteoirí, do CRSanna, d’fhoirne ceannaireachta agus do bhoird, mar aon le tacaíocht speisialaithe do phríomhoidí agus do phríomhoidí tánaisteacha nuacheaptha ina róil mar Theagmhálaithe Ainmnithe (TA). Áirítear freisin forbairt ghairmiúil leanúnach do TA agus treoir maidir le Tuarascálacha Maoirseachta um Chosaint Leanaí, ullmhúchán do CCL (Cigireachtaí um Chosaint Leanaí) agus athbhreithniú ar Ráitis um Chosaint Leanaí agus ar Mheasúnuithe Riosca.

## Forbhreathnú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (BO) - Coláiste Bhaile Átha Cliath

I mí na Samhna 2025, thug Coláiste Bhaile Átha Cliath ainm nua agus aitheantas amhairc nua isteach don BO ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tá ceithre sheirbhís ann thar 32 ionad, agus freastalaíonn gach ceann dóibh ar ghrúpa foghlaimeoirí ar leith. Áirítear leis sin ceithre Sheirbhís Oideachais do Dhaoine Fásta, cúig Choláiste Breisoideachais, cúig scoil Désholáthair laistigh d'institiúidí iar-bhunscoile, trí Ionad Oiliúna i mBaile Dúill, Tamhlacht, agus Baile Uí Lachnáin, agus 10 Ionad Ógtheagmhála. Comhoibríonn na hIonaid Oiliúna sin le soláthraithe seachtracha freisin, lena n-áirítear trí Ionad Oiliúna Pobail, Ceithre Sholáthraí Sainoiliúna, trí Cheardlann Dlí agus Cirt, agus seacht dTionscnamh Oiliúna Áitiúla. Ina theannta sin, cuireann BOOÁCDL seirbhísí éagsúla ar fáil trí chomhpháirtíochtaí, deontais, agus tionscnaimh eile do bhreis is 150 eagraíocht phobail agus san earnáil dheonach ar fud an réigiúin.

## Príomhtháscairí BO do 2025

- Buiséad 2025 - € 97m
- Thart ar 4,000 clár éagsúil BO curtha ar fáil in 2025
- 42,810 Clárúchán i gCláir BO
- 19,741 mionghradam bronnta ó Eanáir go Meitheamh 2025
- 11% de gach Foghlaimeoir BO go Náisiúnta
- 2,177 tar éis tairbhe a fháil as Printíseachtaí

**Tabhair faoi deara:** Tá na sonraí thuas sealadach faoi láthair agus déanfar iad a thabhairt chun críche i mí Feabhra 2026

Ba bhliain dhearfach í 2025 d'fhorbairt an tsoláthair BO, agus shroich líon na gclárúchán ar chláir BO Choláiste Bhaile Átha Cliath 42,810. Léiríonn sé seo méadú 1% ar líon na gclárúchán i gcomparáid le 2024.

Bhí thart ar 11% de na foghlaimeoirí BO ar fud na hÉireann cláraithe ar chláir BO Choláiste Bhaile Átha Cliath in 2025. Léiríonn líon na bhfoghlaimeoirí uathúla sa BO comhdhlúthú líon na dtairbhithe, agus d’fhan líon na bhfoghlaimeoirí CIA seasmhach chomh maith, gan ach athrú fíorbheag i gcomparáid le 2024.

Tá daonra cheantar BOOÁCDL ag dul i méid i gcónaí. Meastar go mbeidh thart ar 43,493 clárúchán ar chúrsaí BO sa réigiún in 2026, de réir réamh-mheastacháin Choláiste Bhaile Átha Cliath.

Leanann BO i mBOOÁCDL de mhonatóireacht agus de mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar a sholáthar. In 2025, leathnaigh an tAonad DC an úsáid a bhain sé as anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil sonraí. Chuir sé seo ar chumas an Bhainisteora DC na sonraí deimhniúcháin a scrúdú go mion agus dearbhú a thabhairt d’Fhoireann Ceannaireachta Sinsearaí BOOÁCDL agus do DCCÉ araon gur toradh ar ardghnóthachtáil fhíor na bhfoghlaimeoirí a bhí sna torthaí arda a bronnadh. Leagadh amach an cur chuige seo do DCCÉ le linn an Chruinniú Comhrá Cáilíochta le Coláiste Bhaile Átha Cliath. Leanfar d’úsáid na modheolaíochta seo d’anailís sonraí in 2026, chun a chinntiú go mbeidh gach gníomhaíocht agus cinneadh amach anseo bunaithe ar fhianaise.

In 2025, chuir an tAonad DC clár suntasach forbartha beartais i gcrích chun iarratas a dhéanamh chuig DCCÉ ar leathnú ar raon a sholáthair, ionas go bhféadfaí Foghlaim Chumaisc a chur ar fáil, agus breithneoidh DCCÉ an t-iarratas sin in 2026. Má éiríonn leis an iarratas seo, beidh cead ag Coláiste Bhaile Átha Cliath cúrsaí Foghlama Cumaisc a chur ar fáil faoi raon soláthair leathnaithe ó 2026 ar aghaidh.

In 2026, leanfaidh an tAonad Dearbhaithe Cáilíochta de chur i bhfeidhm a Phlean Gníomhaíochta Cáilíochta. Beidh forbairt Creat Beartais maidir leis an Intleacht Shaorga san Oideachas ar cheann de na príomhthionscnaimh bheartais in 2026. Mar chuid den obair seo, forbrófar deiseanna breise forbartha gairmiúla san intleacht shaorga chun a chinntiú go mbeidh Coláiste Bhaile Átha Cliath ullamh chun a chuid oibleagáidí faoin Acht um Intleacht Shaorga an Aontais Eorpaigh a chomhlíonadh nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm in Éirinn in 2026.

Beidh Coláiste Bhaile Átha Cliath ar cheann de 7 mBOO a bheidh rannpháirteach i gclár píolótach um Fhreagracht Cineachta le DCCÉ. Ciallaíonn sé sin go mbeidh ar Choláiste Bhaile Átha Cliath fianaise a chur ar fáil go bhfuil a chuid beartas, nósanna imeachta agus córais rialachais láidir agus iontaofa go leor chun freagracht a ghlacadh as painéil

neamhspleácha athbhreithnithe a eagrú do chláir atá á gcur faoi bhráid DCCÉ lena mbailíochtú. Má éiríonn leis an tionscnamh seo, cuirfidh sé ar chumas cláracha nua a bhailíochtú ar bhealach níos éifeachtúla, agus tacóidh sé seo le seachadadh solúbtha.

In 2026, leanfaidh BO ar aghaidh ag riar ciste REACH atá deartha chun rochtain ar mhaoiniú a mhéadú d’eagraíochtaí pobail a oibríonn le foghlaimeoirí imeallaithe. Trí na bacainní ar rochtain oideachas a laghdú leis an deontas SOLAS seo, táthar ag súil go laghdófar an mhíbhuntáiste oideachais a bhíonn ag cohóirt áirithe agus ag spriocghrúpaí foghlaimeoirí.

Leanfar de dhíriú ar thacaíocht a thabhairt d’fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas atá rannpháirteach i soláthar BO. Chun a chinntiú go gcomhlíonann soláthar BO a gcuid riachtanas, leanann foireann BO dá forbairt ghairmiúil i réimsí ar nós an Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF). Mar chuid de seo, cuirtear an Suaitheantas Digiteach DUF chun cinn i measc fhoireann BO, an fhoireann riaracháin agus baill foirne eile san áireamh.

Cé go mbeidh laghdú ar an soláthar pleanáilte Béarla in 2026, tá éileamh láidir leanúnach fós ar an soláthar sin.

I gcomhréir leis an déimeagrafaic i réigiún BOOÁCDL, tá éileamh láidir fós ó eagraíochtaí pobail ar oibriú le BOOÁCDL chun Oideachas Pobail a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm ag oideachas pobail bealaí a réiteach chuig féidearthachtaí nua dóibh siúd is mó atá i mbaol imeallú. In 2026, leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de thacaíocht a thabhairt don Oideachas Pobail trína Sheirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta.

Tá cáil láidir ar BO as freastal ar riachtanais litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta digití an líon mhóir daoine fásta inár réigiún. Mar thoradh ar thabhairt isteach na Straitéise Litearthachta do Dhaoine Fásta (SLDF), tá méadú tagtha ar an gcomhoibriú ar fud na sochaí chun dul i ngleic leis na riachtanais seo. Bunaíodh ár gComhpháirtíocht Réigiúnach um Litearthacht do Dhaoine Fásta i mí na Nollag 2023 agus tá ionadaithe sinsearacha ó na hearnálacha poiblí agus deonacha mar bhaill di. Leanann an Chomhpháirtíocht de ról lárnach a bheith aici i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Réigiúnaigh um Litearthacht do Dhaoine Fásta, mar atá leagtha amach sa Straitéis SLDF. Leanfaidh soláthar BO de na croíscileanna agus na scileanna trasnaí a fhorbairt a chuireann ar chumas rannpháirtithe dul chun cinn a dhéanamh agus a gcuspóirí a bhaint amach.

Leanfaidh BO de chomhoibriú leis na Seirbhísí Tacaíochta Síceolaíochta agus leis na Seirbhísí Treorach agus Faisnéise do Dhaoine Fásta in 2026. Mar thoradh ar obair Ghrúpa Stiúrtha Choláiste na Todhchaí, bunaíodh Grúpa Oibre um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí. Tá an Grúpa Oibre ag forbairt treoirlínte agus ag obair i dtreo cur chuige aontaithe maidir le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí ar fud Choláiste Bhaile Átha Cliath, chun faisnéis agus tacaíochtaí comhsheasmhacha ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud an tsoláthair BO ar fad.

Leanann forbairt ghairmiúil fhoireann BO de bheith ina gné lárnach de sholáthar eispéiris foghlama ar ardchaighdeán agus de chinntiú go mbíonn an fhoireann ar an eolas faoi na modheolaíochtaí teagaisc agus na forbairtí is déanaí ina réimsí ábhair féin. Cabhraíonn sé seo leo freastal ar riachtanais gach foghlaimeora, go háirithe leo siúd atá ar na foghlaimeoirí is leochailí. Cuirfear an tacaíocht seo ar fáil in 2026 trí cheardlanna ar nós "Tacú le Foghlaimeoirí ar a bhfuil NSU", "Ag Obair le Foghlaimeoirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Acu", "Dearcthaí Dearfacha i leith an Choirp a Chothú sa Seomra Ranga", agus ceardlanna eile dá leithéid.

Tá deiseanna eile forbartha gairmiúla dírithe go sonrach ar thacú leis an bhfoireann. Ina measc tá clinicí FFT (Foghlaim Feabhsaithe ag an Teicneolaíocht), Líonra na dTreoirchomhairleoirí agus ceardlanna maidir le bainistiú struis. Tá an Beartas um Fhoghlaim agus Fhorbairt Ghairmiúil, a cuireadh i bhfeidhm in 2025, ag feidhmiú go hiomlán anois, agus is féidir le baill foirne iarratas a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais chun tabhairt faoi dheiseanna forbartha gairmiúla ar nós cláir Mháistreachta nó Dochtúireachta; Déanann an Coiste um Fhoghlaim agus Fhorbairt Ghairmiúil na hiarratais sin a mheas.

In 2026, tacóidh Coláiste Bhaile Átha Cliath le roinnt deiseanna forbartha gairmiúla atá maoinithe ag Erasmus. Mar chuid de seo, tacófar le baill foirne a gcuid scileanna a fhorbairt go dian i gcomhar le comhghleacaithe Eorpacha i réimsí ar nós Scileanna Glasa agus an Intleacht Shaorga, chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil do threoirchomhairleoirí chun páirt a ghlacadh i gcomhdhálacha idirnáisiúnta. Ar deireadh, bainfear leas as tionscadal Erasmus in 2026 chun tacú le forbairt leanúnach Choláiste Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh sé ar chumas bhaill an Ghrúpa Stiúrtha agus na ngrúpaí oibre cuairteanna staidéir a dhéanamh chun samhlacha idirnáisiúnta don "Choláiste sa Todhchaí" a scrúdú, agus chabhróidh sé seo le forbairt leanúnach an Choláiste a threorú.

Oibríonn Coláiste Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an earnáil fiontraíochta agus cuireann sé tacaíocht ar fáil chun forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn ar fud an réigiúin ar a bhfreastalaíonn sé. Déanaimid é seo trí bheith ag obair go dlúth le fostóirí chun a chinntiú go bhfuil ár soláthar BO solúbtha agus freagrach do riachtanais athraitheacha na hearnála, a chuireann ar ár gcumas deiseanna athoilte agus uasoilte a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí atá i mbun fostaíochta. Tá sé mar aidhm ag cláir forbartha lucht saothair Choláiste Bhaile Átha Cliath tacú le fostaithe a lánacmhainneacht a bhaint amach ina ngairmeacha roghnaithe, agus ag an am céanna tacú le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht gnólachtaí i réigiún BOOÁCDL, áit a bhfuil líon mór fostóirí de chineálacha éagsúla lonnaithe.

Tá Bainisteoir Lárnach um Rannpháirtíocht Fiontraíochta i gceannas ar rannpháirtíocht leis an earnáil fiontraíochta ar fud BO, chun cur chuige comhordaithe agus comhtháite a chinntiú ar fud Choláiste Bhaile Átha Cliath.
Cuireann Oifigigh Faisnéise Fiontraíochta, atá tiomnaithe, eolas agus tacaíocht ar fáil d'fhiontair i réigiún BOOÁCDL faoin réimse tacaíochtaí atá ar fáil, ar nós forbairt lucht saothair atá maoinithe, printíseachtaí, cúrsaí oiliúna agus deiseanna socrúcháin oibre. Oibríonn Coláiste Bhaile Átha Cliath le fostóirí chomh maith chun cúrsaí oiliúna a fhorbairt mar fhreagairt ar riachtanais scileanna atá sainaitheanta.

Ba bhliain shuntasach í 2025 do BOOÁCDL i réimsí na Nuálaíochta agus an Taighde, agus dul chun cinn mór déanta maidir le príomhthionscnaimh chun an Breisoideachas agus an Oiliúint a nuachóiriú agus a fheabhsú. Bronnadh maoiniú SOLAS ar an tionscadal Réaltacht Fhíorúil (RF) sa Chúram Sláinte, a bhaineann úsáid as teicneolaíocht thumthach agus as an Intleacht Shaorga chun scileanna boga a fhorbairt, agus tá sé i gceist tús a chur leis an tionscadal píolótach in 2026. Tá ár nGrúpa Stiúrtha um Intleacht Shaorga san Oideachas tar éis tús a chur le forbairt beartas agus le treoir a thabhairt maidir le comhtháthú na dteicneolaíochtaí IS ar fud na heagraíochta. Le linn 2025, ghlac Coláiste Bhaile Átha Cliath páirt i bhforbairt na micreacháilíochtaí náisiúnta trí na Grúpaí Stiúrtha IS agus FF, chomh maith le samhlacha saincheaptha Intleachta Saorga a fhorbairt.

Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de nuálaíocht agus fás straitéiseach a chur chun cinn san earnáil BO in 2026. Díríonn clár oibre BOOÁCDL um Nuálaíocht agus Taighde do 2026 ar léargais atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt, ar chomhoibriú a chur chun cinn, agus ar an inbhuanaitheacht agus an cuimsitheacht a ionchorprú sa BO.

I gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta BO, leanfar leis an bhfócas ar bhonneagar caipitil BO a fheabhsú. Tá dul chun cinn déanta maidir leis na pleananna chun Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna a thógáil i Sord, agus tá soláthar an tsuímh, an phleanáil agus an dearadh tosaithe. Tá sé beartaithe ár saoráidí eile a mhéadú chun gur féidir printíseachtaí Céim 2 sa Phluiméireacht a chur ar fáil, agus leanaimid de bheith ag obair ar phleananna athfhorbartha dár n-ionad i gCluain Dolcáin.

Cuireadh tús le forbairt cláir nua Tríú Leibhéal in 2025. Seoladh an chéad chlár céime BSc Tríú Leibhéal. Clár B.Sc. (Onóracha) sa Pholaitíocht, sa tSochaí agus sna Meáin, i gColáiste Bhaile Átha Cliath, an Charraig Dhubh, i gcomhpháirt le hOllscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus le BOO Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé beartaithe tuilleadh Clár Céime Tríú Leibhéal a sheoladh in 2026, ar nós cláir i dTeicneolaíocht Líonraithe, sa Mhúinteoireacht Bunscoile agus sa Radagrafaíocht, i measc réimsí eile.

| Cláir | Líon na dTairbhithe Réamh-mheasta do 2026 |
|---|---|
| Forbairt/Claochlú Scileanna an Lucht Saothair<br>Foghlaim don Fhostaíocht agus don Dul Chun Cinn, agus<br>Foghlaim san Fhostaíocht | 11,859 |
| Conairí BO<br>Conairí<br>Soláthar don Aos Óg<br>Oideachas Pobail<br>Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol | 29,860 |
| Printíseacht<br>Ceirdeanna agus Cuibhreannais | 1,774 |
| **IOMLÁN** | **43,493** |

Léirítear sa tábla thuas miondealú ar líon réamh-mheasta na dtairbhithe i soláthar BO do 2026.

## Spriocanna Inghnóthaithe BOOÁCDL 2026

| Sprioc Straitéise Uimh. 1 - Foghlaimeoirí | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha Straitéiseacha | | Spriocanna Inghnóthaithe Straitéiseacha | Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) |
| 1.1 | Ardchaighdeáin sa teagasc agus san fhoghlaim a chur chun cinn a fhorbraíonn eolas agus scileanna agus a spreagann foghlaim uathrialach agus chomhoibritheach. | Athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh ar na príomhnósanna imeachta scoile/ionaid go léir le cinntiú go bhfuil siad ailínithe le caighdeáin dea-chleachtais. Leanúint ar aghaidh ag tacú le nósanna imeachta agus próisis pleanála scoile agus féinmheastóireachta scoile a chur i bhfeidhm ar ardchaighdeán | Leanúint ar aghaidh le forbairt bealaigh chórasaigh chun sonraí ó thuairiscí féinmheastóireachta scoile (FMS), Pleananna Feabhsúcháin Scoile (PFS) agus tuairiscí Cigireachta a bhailiú agus a chomhordú chun 'dea-chleachtas' a roinnt ar fud na heagraíochta |
| 1.2 | A chinntiú go bhfreastalaíonn ár soláthar ar riachtanais reatha ár bhfoghlaimeoirí/ár bpáirtithe leasmhara agus ar riachtanais ár bhfoghlaimeoirí/ár bpáirtithe leasmhara atá ag teacht chun cinn agus lena n-áirítear an Creat Curaclaim Bunscoile nua, athchóiriú na Sraithe Sóisearaí agus na Sraithe Sinsearaí, forbairtí san oideachas trí mheán na Gaeilge, cuir chuige nua i leith an cheoil, forbairt óige agus spóirt, agus scileanna criticiúla don todhchaí. | Spriocanna inghnóthaithe soiléire a nascann leis na riachtanais do scoileanna chun sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a chomhlíonadh agus atá nasctha le creat ABSA | Ceardlann ar chreat ABSA seachadta. Cuirfear oiliúint bhreise ar fáil de réir mar is cuí. |
| | | Comhoibriú a dhéanamh leis an CNOS chun athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí réigiúnacha atá ar fáil chun scoláirí a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu a chinneadh agus tacú leo | Ranganna nua ORS a bhunú ar bhealach struchtúrtha agus córasach chun freastal ar an éileamh ar ghlacadh isteach trasdula ó bhunscoil go hiar-bhunscoil do scoláirí a bhfuil RBO acu, ag brath ar fhoirgnimh chuí a bheith ar fáil. Leanfar ar aghaidh leis sin trí chomhoibriú straitéiseach leis an CNOS chun pleanáil cheart ranganna a chinntiú roimh ré<br><br>Tacaíocht a thabhairt do scoileanna Iar-Bhunscoile maidir le cur i bhfeidhm Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí |
| | | Tacaíocht a thabhairt do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta maidir le cur i bhfeidhm an chreata nua curaclaim do Bhunscoileanna | Tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do Phríomhoidí PSN go hinmheánach agus ar Phobal Cleachtais náisiúnta BOOÉ do phríomhoidí PSN. |
| 1.3 | Eispéireas dearfach a sholáthar a fheabhsaíonn sláinte agus | Beartas um chosaint leanaí agus bearta cosanta a rialú | Oiliúint um Chosaint Leanaí a sholáthar do gach Príomhoide agus Príomhoide Tánaisteach ar fud |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | folláine ár bhfoghlaimeoirí agus a chuireann timpeallacht shábháilte thacúil ar fáil do chách, le haird ar leith ar chosaint leanaí, daoine óga agus daoine fásta leochaileacha. | | na scoileanna, agus nósanna imeachta 2025 a ghlacadh |
| | | | Leanúint de dheiseanna oiliúna a fhorbairt do mhodúil saoránachta digiteacha agus ceachtanna sábháilteachta idirlín nuair a bhíonn siad ar fáil. |
| | | | Athbhreithniú Bliantúil a dhéanamh ar bheartais agus ar phróisis, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht do cheannairí agus don fhoireann |
| **1.4** | Dearadh uilíoch don fhoghlaim a chur i bhfeidhm ar fud ár suíomh oideachais agus oiliúna; Inrochtaineacht agus solúbthacht a fheabhsú trí chomhtháthú na teicneolaíochta; Acmhainní a fheabhsú chun teanga, litearthacht agus uimhearthacht a chur chun cinn; agus eolas agus treoir a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí. | Obair a dhéanamh leis an Oifig um an Clár Litearthachta d'Aosaigh ar Feadh an tSaoil, leis an gComhpháirtíocht Réigiúnach Litearthachta d'Aosaigh agus le heagraíochta comhpháirtíochta inár réigiún chun ár bPlean Gníomhaíochta Réigiúnach Litearthachta d'Aosaigh 2025 a chur i bhfeidhm. | Tá bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Litearthachta. |
| | | Forbairt agus pleanáil a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais litearthachta teanga agus uimhearthachta na bhfoghlaimeoirí. | Cumarsáid fheabhsaithe maidir le tacaíochtaí litearthachta, uimhearthachta agus teanga curtha ar fáil. |
| | | Faisnéis agus treoir fheabhsaithe a fhorbairt agus a phleanáil i ndáil le gairmeacha beatha agus conairí. | Acmhainní agus comhoibriú breise chun na tacaíochtaí sin a chur ar fáil.<br><br>Leanúint de Líonra Faisnéise agus Treorach Choláiste Bhaile Átha Cliath a fhorbairt |
| **1.5** | Cláir a chur ar fáil a chuireann ar chumas ár bhfoghlaimeoirí go léir foghlaim, gnóthú agus rathú agus na buntáistí iomlána a bhaineann le foghlaim ó pheirspictíocht phearsanta, shóisialta, acadúil agus/nó ghairme a bhaint amach. | Méadú Leanúnach sholáthar ár seirbhíse don aos óg d'fhonn an branda a atógáil, acmhainní a fhorbairt, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara a fheabhsú | Struchtúr Seirbhísí Óige forbartha de réir mhéadú maidir le UBU.<br>Athbhreithniú ar spriocanna inghnóthaithe soláthraithe seirbhísí óige agus nuashonrú ar na CLSanna<br><br>Clár píolótach um sholáthar Seirbhísí Óige a chur i bhfeidhm i dtrí shuíomh iar-bhunscoile |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Forbairt bealaí páirtithe leasmhara reatha agus nua i gceantair Chomhairle Contae Fhine Gall agus Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, an Roinn Oideachais agus Óige le béim ar leith ar sholáthar don aos óg a fhorbairt sna ceantair sin. |
| | | Athstruchtúrú ar sholáthar Ionaid Spóirt Dhéach chun samhail mhaoinithe chomhsheasmhach agus chomhroinnte a chinntiú le haghaidh oibriú agus soláthar seirbhísí pobail ó 2026 ar aghaidh. | Athstruchtúrú Críochnaithe |
| | | Soláthar BO 2026 a chur ar fáil mar a comhaontaíodh le SOLAS | Soláthar BO 2026 a chur i bhfeidhm mar atá pleanáilte agus mar is léir ó CTFC (Córas Tacaíochta d'Fhoghlaimeoirí Cláir), ó thuarascálacha lár na bliana agus ó thuarascálacha bliantúla |
| | | Tacú le rannpháirtíocht fhoghlaimeoirí BOOÁCDL san Fhóram Náisiúnta Foghlaimeoirí agus san Fhóram Réigiúnach Foghlaimeoirí | Líonadh 100% de na háiteanna a cuireadh ar fáil d'fhoghlaimeoirí BOOÁCDL ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach in 2025. Ós rud é nach reáchtáiltear an fóram ach gach dara bliain, ní bheidh sé ar siúl in 2026. |
| **1.6** | Bealaí aistrithe agus dul chun cinn laistigh de BOOÁCDL a shimpliú agus a chur in iúl do sholáthar eile lena n-áirítear breisoideachas agus oiliúint, ardoideachas agus/nó fostaíocht, de réir mar is cuí do riachtanais, cúlraí, cumais agus mianta éagsúla ár bhfoghlaimeoirí. | Grúpa oibre a bhunú chun soláthar a mhapáil, bearnaí a aithint d'fhonn soláthar níos cuíchóirithe a chinntiú. | Tuarascáil ar thorthaí an ghrúpa oibre agus moltaí chun conairí a fheabhsú. |
| | | Obair leanúnach a dhéanamh leis an RCS ar thionscnaimh do chohóirt ar leith foghlaimeoirí dífhostaithe | Leanúnach in 2026 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.7** | Aiseolas rialta a lorg ónár bhfoghlaimeoirí, ina n-aithnítear an luach a bhaineann le réimse leathan dearcthaí ar fhorbairt eagraíochta foghlama, agus é sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár soláthar, faoinár bpleanáil agus faoinár gcinnteoireacht. | Meastóirí neamhspleácha chun tuairisc a thabhairt ar thaithí an fhoghlaimeora agus ar na réimsí atá le feabhsú | Tuairisc arna chur isteach |
| | | Meastóirí neamhspleácha (AONTAS) chun tuairisc a thabhairt ar thaithí an fhoghlaimeora agus ar na réimsí atá le feabhsú | Tuairisc arna chur isteach |
| **1.8** | Straitéisí agus acmhainní digiteacha a chur chun cinn chun foghlaim, teagasc agus measúnú a éascú. | Beartas agus próisis dhigiteacha BOOÁCDL a ailíniú leis an Straitéis Dhigiteach Náisiúnta 2020 | Tá fócas ar scileanna digiteacha an fhoghlaimeora a fheabhsú in 20% de chláir BO. |
| | | Úsáid an Chórais Faisnéise um Bainistíocht Comhlíonta a leathnú chun oiliúint a chur ar fáil i rith 2025 | Cuirfear oiliúint comhionannais ar fáil do gach ball foirne (tuairim is 4500) BOOÁCDL tríd an gcóras sin |
| | | Teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chomhtháthú chun teagasc agus foghlaim a fheabhsú go hinmheánach agus go cianda trí straitéis TFC BOOÁCDL | Cuirfear oiliúint bhreise RGCS agus cosanta sonraí ar fáil do gach ball foirne (tuairim is 5100) BOOÁCDL tríd an gcóras sin |
| | | | Cuireadh an Beartas um Fhoghlaim Chumaisc i gcrích in 2025 agus cuireadh faoi bhráid DCCÉ é mar chuid d'iarratas ar leathnú ar Raon an tSoláthair. Tar éis an ceadú a fháil, cuirfidh Coláiste Bhaile Átha Cliath tús le seachadadh cúrsaí Foghlama Cumaiscí. |
| | | | Tá Teicneolaí Foghlama fostaithe ag Coláiste Bhaile Átha Cliath ó 2026 chun tacú le cur i bhfeidhm na Foghlama Cumaiscí |
| | | | In 2026, tá sé beartaithe ag Coláiste Bhaile Átha Cliath 3 mhicreacháilíocht a chur faoi bhailíochtú difreálach chun tacú le seachadadh na Foghlama Cumaisc. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Leanúint de chlár rialta clinicí FFT (Foghlaim Feabhsaithe ag an Teicneolaíocht) a chur ar fáil tríd an Aonad Forbartha Gairmiúla chun tacú le húsáid uirlisí digiteacha sa seomra ranga. |
| | | | An uirlis dhigiteach “Safe Exam Browser” a thabhairt isteach chun gur féidir scrúduithe a dhéanamh ar líne gan sláine an phróisis mheasúnaithe a chur i mbaol. |
| | | Feabhas a chur ar rochtain ar acmhainní agus ar fhaisnéis atá riachtanach d’fhoghlaim, do theagasc agus do mheasúnú trí mhoil dhigiteacha. | Leanúint de leathnú an Mhoil DC agus Mhol na Measúnóirí agus d’acmhainní nua a chur ar fáil don fhoireann, go háirithe i réimsí cosúil leis an Intleacht Shaorga. |
| | | | An Mol FG a leathnú chun suíomh Moodle don BO a chur ar fáil, áit a mbeidh an fhoireann in ann rochtain a fháil ar chláir forbartha gairmiúla ar líne ina gcuid ama féin. |
| | | | Leathanach saincheaptha do “Choláiste Bhaile Átha Cliath” a fhorbairt ar Leabharlann Dhigiteach BOOÉ. Tabharfaidh sé seo rochtain d’fhoghlaimeoirí ar an réimse iomlán téacsleabhar agus irisí acadúla a theastaíonn uathu dá gcúrsa, chomh maith le réimse leathan acmhainní chun tacú leis an ionracas acadúil. |
| | | Próiseas a fhorbairt chun anailísíocht sonraí a úsáid chun pleanáil agus tuairisciú a bhrú chun cinn, lena n-áirítear úsáid an Chórais Tacaíochta d’Fhoghlaimeoirí Cláir (CTFC) agus Tableau | Athbhreithniú bliantúil ar shonraí chun eolas a dhéanamh don phleanáil agus don chéad Chomhaontú Feidhmíochta eile. |
| | | Feidhmíocht eagraíochtúil na spriocanna a leagtar síos faoin gComhaontú Feidhmíochta Straitéisí | Baineadh amach na spriocanna (Dámhachtain Sainchuspóra) DS ar fad faoin straitéis roimhe |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu | seo, agus comhaontófar DSanna nua le SOLAS i gcomhréir leis an straitéis nua BO.<br><br>Athbhreithniú bliantúil ar shonraí chun a chinntiú go mbaintear na spriocanna amach agus chun bearta ceartaitheacha a dhéanamh nuair is gá. |
| **1.9** | Feabhas a chur ar straitéisí agus acmhainní a laghdaíonn bacainní ar rannpháirtíocht, a thugann aghaidh ar mhíbhuntáiste oideachais, agus a thacaíonn leo siúd a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu, agus a chinntiú go gcuireann ár mbeartais agus ár gcleachtais chothroime agus trédhearcachta chun cinn. | A chinntiú go gcuirtear ceanglais reachtaíochta i bhfeidhm - an tAcht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna), An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN) | Seicliosta beartais bliantúil arna athbhreithniú |
| | | Oiliúint don fhoireann i ndáil leis an Acht um Stádas Comhionann agus Dualgas na hEarnála Poiblí | Oiliúint arna cur ar fáil |
| | | Leanúint ar aghaidh le, agus leathnú Sholáthar mhí Iúil ar fud na suíomhanna cuí | Leanúint ar aghaidh le, agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar mhí Iúil thar gach suíomh ardtacaíochta. |
| | | | Bunú sholáthar mhí Iúil thar 2 phobalscoil speisialta nua. |
| | | Rannpháirtíocht i gcláir oideachais cheoil phobalbhunaithe atá dírithe go sonrach ar DEIS agus ar Scoileanna Speisialta laistigh de BOOÁCDL | Cuirfidh Music Generation Fhine Gall clár saincheaptha 12 sheachtain ar fáil do leanaí i ngach pobalscoil speisialta de chuid BOOÁCDL |
| | | | Cuirfidh Music Generation Fhine Gall clár saincheaptha 20 seachtaine ar fáil i ngach suíomh ardtacaíochta |
| | | | Athbhreithniú agus forbairt ar an gclár ceoil chun an clár ceoltóir cónaithe a thabhairt isteach ó Mheán Fómhair 2026. |
| | | | Tús a chur le Music Generation Átha Cliath Theas don chontae ó Mheán Fómhair 2026. |
| | | Leanúint ar aghaidh de thacaíocht a thabhairt do sheachadadh agus d'fhorbairt leanúnach chláir | Seachadadh na gclár don spriocghrúpa |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Ógtheagmhála agus an Ionaid Oiliúna Pobail (IOP) do luathfhágálaithe scoile óga | |
| | | Leanúint ar aghaidh de thacaíocht a thabhairt do sheachadadh agus d'fhorbairt leanúnach clár BO sofhreagrach d'fhoghlaimeoirí atá ina bhfágálaithe scoile, atá faoi mhíbhuntáiste oideachais agus ó ghrúpaí tosaíochta lena n-áirítear iad siúd faoi mhíchumas, baill den lucht siúil, iarrthóirí tearmainn, dídeanaithe, imircigh, iad siúd atá ag fulaingt ó mhíbhuntáistí tuaithe nó uirbeacha, etc. | Spriocanna Choláiste Bhaile Átha Cliath maidir le leathnú rannpháirtíochta a bhaint amach |
| **1.10** | Cultúr cáilíochta a dhaingniú tuilleadh trí mhonatóireacht leanúnach, féinmheastóireacht agus athbhreithniú ar ár gcreataí cáilíochta, ár gcórais dearbhaithe cáilíochta, meastóireacht, agus tuarascálacha cigireachta. | An Plean Gníomhaíochta um Fheabhsú Cáilíochta a chur i bhfeidhm a d'eascair as an Athbhreithniú Tionscnaimh ar Chórais Cháilíochta ar fud scoileanna/ionad agus coláistí BO. In 2026, leanfaidh an tAonad um Dhearbhú Cáilíochta de Phlean Gníomhaíochta Cáilíochta a chur i bhfeidhm agus úsáidfidh sé sonraí chun feidhmíocht ionad BO a sholáthraíonn soláthar creidiúnaithe a thagarmharcáil. | Tuarascáil bhliantúil ó Chomhairle Cáilíochta BO chuig an bhFoireann Shinsearach Ceannaireachta ar chur i bhfeidhm an phlean ghníomhaíochta. Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a anailísiú chun fianaise a chur ar fáil maidir le hardchaighdeán an tsoláthair i gColáiste Bhaile Átha Cliath |
| | | Cruinnithe Líonra Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí | 4 chruinniú ar a laghad in aghaidh na bliana |
| | | Oiliúint do gach Bord Bainistíochta nua bunscoile a chur ar fáil | Dhá mhodúl oiliúna Bhord Bainistíochta PSN a sholáthar |
| | | Teagmháil lenár Líonra FMS agus DEIS a mhéadú chun acmhainní, faisnéis agus foireann uirlisí a fhorbairt chun tacú le scoileanna agus ceannairí scoile ullmhú le haghaidh cigireachtaí FMS, MSU, DEIS srl | Foireann uirlisí agus cruinnithe líonra a chur ar fáil chun tacú le scaipeadh faisnéise |
| | | Ceardlanna agus oiliúint shaincheaptha tacaíochta inscoile a fhorbairt agus a sholáthar chun tacú le cigireachtaí | Ceardlanna arna gcur ar fáil ag an bhFoireann Forbartha agus Stiúrthóir Scoileanna |
| | | Cuairteanna maoirseachta rialachais ar chur i bhfeidhm beartais arna seoladh ar fud na heagraíochta e.g. cosaint leanaí, airgeadas srl. | An seicliosta rialachais á chríochnú go bliantúil, agus cuairteanna arna ndéanamh |

| Sprioc Straitéise Uimh. 2 - Foireann | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha Straitéiseacha | | Spriocanna Inghnóthaithe Straitéiseacha | Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) |
| 2.1 | Plean forbartha gairmiúla a fhorbairt a leanann ar aghaidh ag aithint tosaíochtaí reatha agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim, tacaíochtaí foghlaimeora, teicneolaíocht, tacaíocht agus forbairt eagraíochta. | Oiliúint do Phríomhoidí agus do cheannairí ar athruithe beartais atá ag teacht chun cinn d'fhonn scoileanna a ullmhú le haghaidh meastóireachtaí agus dea-chleachtas agus dea-rialachas a roinnt | Oiliúint faoin gcreat Bí Cineálta, oiliúint Frithbhulaíochta agus oiliúint ar nósanna imeachta um chosaint leanaí 2025 a chur ar fáil i ngach scoil. |
| | | LinkedIn Learning a leathnú agus a chur chun cinn trí rannpháirtíocht foirne agus comhoibriú leis an bhfoireann | LinkedIn Learning a chur ar fáil don TFE agus do bhaill foirne eile |
| | | Clár píolótach forbartha Ceann Bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm | Seachadadh an Chláir bhunaithe |
| | | Mol Forbartha Gairmiúla (FG) a sheoladh atá dírithe ar fheasacht a mhéadú ar na deiseanna FG atá ar fáil d'fhoireann BO le fócas ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn e.g. IS agus rátaí rannpháirtíochta a mhéadú. | Seoladh Mol um Fhorbairt Ghairmiúil BO. Ceardlanna FG a thaifeadadh, nuair is cuí, agus iad a chur ar fáil tríd an Mol FG chun rannpháirtíocht a mhéadú. |
| | | FGL a fhorbairt agus tacú leis na hoibrithe óige atá ag obair in Eagraíochtaí Maoinithe | Leanfar le seisiúin oiliúna a chur ar fáil d'oibrithe óige bunaithe ar anailís riachtanas agus ar aiseolas. |
| | | Ár gclár Ghuth an Scoláire a chur i bhfeidhm tuilleadh i ngach iar-bhunscoil | Leanfar leis an clár a sheachadadh |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar an múnla beartais agus airgeadais chun tacú le FGL ina dtugtar tacaíocht do theagasc agus foghlaim, teicneolaíocht, tacaíochtaí foghlaimeora agus TFE | Beartas athbhreithnithe le foilsiú<br><br>Rannpháirtíocht foirne i ndeiseanna FGL arna méadú<br><br>Beartas agus Treoirlínte FG de chuid Choláiste Bhaile Átha Cliath foilsithe |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | An Coiste FG le bualadh le chéile go bliantúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar thacaíocht airgeadais do bhaill foirne chun tabhairt faoi chláir oideachais agus oiliúna. |
| **2.2** | Tacaíocht agus deiseanna forbartha a chur san áireamh a fheabhsaíonn ár bhféiniúlacht ghairmiúil agus ár bhfeidhmíocht ghairmiúil is a chruthaíonn muintearas agus a neartaíonn ár n-athléimneacht ionas gur féidir lenár bhfoireann go léir foghlaim, fás agus gaisce a dhéanamh. | Ceannaire a shannadh chun taighde a dhéanamh ar eagraíochtaí inchomparáide - Straitéis Daoine | Straitéis daoine a fhorbairt do BOOÁCDL, ag cur leis an dea-chleachtas reatha |
| | | Cultúr foirne feabhsaithe a chruthú laistigh de BOOÁCDL trí chumarsáid éifeachtach agus iarmhartach | Leanúint lenár gcuid luachanna agus ár gcuid seirbhísí a chur chun cinn i measc ár bpáirtithe leasmhara |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Oibre Hibrideach chun an dul chun cinn sa teicneolaíocht agus i gcleachtais ghnó náisiúnta/idirnáisiúnta a léiriú | Beartas Athbhreithnithe Hibrideach arna fhoilsiú |
| | | Clár forbartha Ceannaireachta Feabhsaithe | Cláir Mheáncheannaireachta (CMC) agus Cláir Cheannaireachta do Mhúinteoirí (CCM) a seachadadh gach bliain |
| **2.3** | Tacaíocht agus forbairt a chur ar fáil do gach ball foirne a bhfuil róil freagrachta acu. Bainistíocht agus/nó ceannaireacht ar fud ár n-eagraíochta agus deiseanna a chruthú chun ceannairí don todhchaí a fhorbairt. | Déan an CMC agus an CCM a leathnú/léiriú in BOO | Plean seachadta bliantúil an chláir<br><br>Tá sé beartaithe Clár Meáncheannaireachta 2026 a chur ar fáil |
| | | Clár creidiúnaithe a chur ar fáil maidir le foirne a threorú agus a spreagadh agus feidhmíocht a bhainistiú | 30 rannpháirtí ón gceannaireacht shinsearach agus ón meáncheannaireacht ag glacadh páirt agus micridhintiúir á mbaint amach ag Leibhéal 9 |
| | | Oiliúint Oide a chur ar fáil do na poist freagrachta maidir le ceannaireacht, tacaíocht, monatóireacht agus meastóireacht ar fud na mBunscoileanna | Críochnaíodh creat caighdeánaithe d'athbhreithnithe inmheánacha scoileanna ar Phoist do gach Pobalscoil Náisiúnta agus gach Iar-bhunscoil |
| | | Mol nua Forbartha Gairmiúla ar líne a sheoladh chun Linked-In Learning a chur chun cinn agus deiseanna | Suíomh Moodle BO a chur chun cinn tríd an Mol FG chun níos mó deiseanna forbartha gairmiúla |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | eile foghlama d'fhoireann agus do bhainistíocht BO le fócas ar cheannairí don todhchaí a fhorbairt | a chruthú do bhaill foirne nach bhfuil in ann freastal ar cheardlanna duine le duine |
| | | Na sochair atá ar fáil d'fhoireann BOOÁCDL, i.e. scéim cianoibre, rothaíochta chun oibre, bliain oibre níos giorra a chur chun cinn ar bhealach níos fearr | Glacadh na sochar atá ar fáil arna méadú |
| **2.4** | Líonraí agus gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla a leathnú don fhoireann teagaisc, tacaíochta agus forbartha chun cur ar ár gcumas ár saineolas a roinnt, cuir chuige éagsúla a chur chun cinn, cruthaitheacht a spreagadh agus dul in oiriúint do chúinsí nua. | Ardáin chumarsáide dhigiteacha inmheánacha agus sheachtracha feabhsaithe | Suíomh Gréasáin nuashonraithe, fás ar na meáin shóisialta, timpeallacht inmheánach nua SharePoint a chur ar fáil |
| | | Múnla um Pobail Chleachtais a fhorbairt le haghaidh tacaíochtaí foghlaimeoirí | Tuarascáil bhliantúil ó phobal cleachtais<br><br>Tá Grúpa Oibre um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí bunaithe ag Coláiste Bhaile Átha Cliath, mar aon le Plean Straitéiseach gaolmhar |
| | | Tacú le Treoirchomhairleoireacht agus faisnéis don fhoireann chun plean a fhorbairt chun an rochtain is fearr is féidir a fháil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste ar fhaisnéis chomhsheasmhach ardcháilíochta i dtaobh roghanna agus conairí dul chun cinn | Pobal Cleachtais arna bhunú. |
| **2.5** | Plean a fhorbairt chun forbairt acmhainneachta agus leanúnachas seirbhísí a chinntiú le cur ar chumas na heagraíochta déileáil le fás, athrú agus éiginnteacht. | Plean Leanúnachais Gnó (PLG) Nuashonraithe | Cur i bhfeidhm PLG agus athbhreithniú bliantúil air |
| | | Plean Athshlánaithe ó Thubaiste Nuashonraithe (PAT) | Cur i bhfeidhm PAT agus athbhreithniú bliantúil air |
| | | Oiliúint agus tacaíocht mhéadaithe do scoileanna i gcur i bhfeidhm Chreat na bPátrún ar Éiteas agus tacaíocht a thabhairt dár 10 scoil atá i mbun tionscadal píolótach ar an gclár IMBV | Tacaíocht curtha ar fáil dár 10 scoil atá i mbun tionscadal píolótach ar an gclár IMBV<br><br>Oiliúint arna cur ar fáil do scoileanna maidir le Creat Pátrúin ar Éiteas |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Tacaíocht BOOÁCDL a thabhairt isteach do PSNanna agus scoileanna speisialta ar fhorbairt Éiteas agus ar athbhreithniú ar GMGY | |
| | | Tá sé mar aidhm againn acmhainneacht a fhorbairt i soláthar SAEN agus tacú le Mapáil Ionchuimsithe agus í a chur chun cinn agus ar an mbealach sin acmhainneacht SAEN a fhorbairt i scoileanna | Méadú ar acmhainneacht arna chur i bhfeidhm |
| **2.6** | Ár n-acmhainní daonna a athbhreithniú agus a mhéadú i ngach suíomh maidir le cur i bhfeidhm na straitéise eagraíochta. | An cás gnó le haghaidh foireann tacaíochta breise a fhorbairt | Cás gnó arna chur faoi bhráid na Roinne de réir an chomhaontaithe maoirseachta |
| **2.7** | Chun aiseolas rialta a lorg ónár bhfoireann, agus ar an dóigh sin an luach a bhaineann le réimse leathan dearcthaí d’fhorbairt eagraíochta foghlama a aithint, agus é sin a úsáid chun bonn eolais a chur faoinár soláthar, faoi phleanáil agus faoi chinnteoireacht. | Bainistíocht BO a spreagadh chun smaointe agus dearcthaí foirne a chur in iúl a d’fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais dár soláthar, pleanáil agus cinnteoireacht | Suirbhé críochnaithe |
| **2.8** | Feabhas a chur ar ár mbeartais maidir le hearcú agus coinneáil chun acmhainneacht lucht saothair ardfheidhmíochta agus éagsúil a thuiscint | | Athbhreithniú ar an Straitéis um Múinteoirí a Mhealladh agus a Choinneáil<br><br>Freastalaíonn BOOÁCDL ar aontaí gairme ollscoile gach bliain de réir na straitéise meallta.<br><br>Leanúint ar aghaidh le líonraí agus le caidrimh le hollscoileanna a neartú agus a fhorbairt. |

| Sprioc Straitéise Uimh. 3 - Eagraíocht | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhartha Straitéiseacha** | | **Spriocanna Inghnóthaithe Straitéiseacha** | **Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna)** |
| **3.1** | Cultúr a chothú ina bhfuil ionchais arda, muinín agus cúram ina n-oibrímid le chéile i ngach réimse den eagraíocht chun tacú lena chéile, smaointe a roinnt, acmhainní a chomhthiomsú agus freagairt dhearfach a thabhairt ar athrú. | Coiste folláine san ionad oibre a bhunú | Cuirfear tús le coiste an ionaid oibre in 2026 |
| | | Foirne feidhmithe straitéise a bhunú | Cruinnithe straitéise foirne agus táirgí insoláthartha |
| **3.3** | Ár gcleachtais rialachais, chuntasachta agus bhainistíochta riosca a dhaingniú tuilleadh chun úinéireacht na foirne uile i ngach suíomh ar fud na heagraíochta a chinntiú. | Clár Oiliúna Rialachais - An Bord & Foireann | Clár oiliúna agus ceardlainne bliantúil |
| | | Bonneagar Digiteach a chur chun feidhme chun tacú le creat rialachais | Bogearraí néalbhunaithe atá pacáistithe curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú chun rialú doiciméad agus iniúchadh a bhainistiú |
| | | | Clár riosca dhigitigh a chur chun feidhme |
| | | | Bogearraí néalbhunaithe atá pacáistithe arna chur i bhfeidhm agus ag feidhmiú chun tacú le gníomhaíochtaí an Bhoird agus an fhochoiste |
| | | Athbhéim a chur ar an gceanglas maidir le freastal ar chruinnithe uile an Bhoird de réir an Chóid Cleachtais um Rialachas BOOnna | Freastal iomlán ag comhaltaí Boird |
| | | Féinmheasúnú a dhéanamh do chomhaltaí Boird agus do chomhaltaí coistí Boird | Féinmheasúnuithe arna gcríochnú agus réimsí le feabhsú arna n-aithint |
| | | Athbhreithniú ráithiúil a dhéanamh ar an gclár riosca chorparáidigh | Athbhreithnithe ráithiúla ar an gclár riosca arna gcur i gcrích |
| | | Monatóireacht airgeadais agus maoirseacht a dhéanamh ar gach gníomhaíocht le cinntiú go gcomhlíontar rialacháin agus nósanna imeachta airgeadais/soláthair | Acmhainn thiomnaithe chun tacú le faireachán agus maoirseacht airgeadais i bhfeidhm |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Faigheann an Bord dearbhuithe ón gCoiste Bainistíochta agus Iniúchóireachta agus Riosca maidir le feidhmiú na rialuithe inmheánacha agus déanann siad athbhreithniú orthu | Déanann an Coiste Airgeadais, an Coiste Iniúchta agus Riosca agus an Bord athbhreithniú bliantúil ar an gCóras Rialaithe Inmheánach (CRI) |
| **3.4** | Leanúint ar aghaidh ag forbairt bonneagar tacaíochta láidir dár soláthar trí mhaoiniú, foirgnimh, acmhainní daonna, TFC agus seirbhísí corparáideacha agus chun freagairt go héifeachtach do riachtanais éagsúla agus athraitheacha beartais, maoinithe agus reachtaíochta ár n-earnála. | Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar na Comhaontuithe Seirbhíse (CSanna) agus na conarthaí go léir agus iad a athbhreithniú agus a fheabhsú | Sceideal athbhreithnithe agus monatóireachta i bhfeidhm |
| | | Pleananna Oibriúcháin bliantúla TFE a bhunú | Plean Oibriúcháin arna chur i bhfeidhm agus athbhreithniú arna dhéanamh air go ráithiúil |
| | | An creat Sláinte & Sábháilteachta a athbhreithniú agus a nuashonrú | An creat nuashonraithe Sláinte & Sábháilteachta a sheoladh |
| | | Leanfaidh BOOÁCDL ag obair i gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte Párolla Ardoideachais (SCPAOnna) agus le BOOnna eile ar roinnt tionscadal a bhaineann le hairgeadas | Tá rannpháirtíocht agus comhoibriú ar siúl i rith 2026 |
| | | Aistriú seirbhísí chuig ardán seirbhísí comhroinnte SGCO | Tá rannpháirtíocht agus comhoibriú SGCO ar siúl i rith 2026 |
| | | Cur i bhfeidhm an Tionscadail um Athchóiriú an Chláir Críochnaithe Scoile in BOOÁCDL | Tionscadal curtha i bhfeidhm |
| | | Treoir/tacaíochtaí airgeadais leanúnacha arna gcur ar fáil do Phríomhoidí, do bhainisteoirí Ionaid agus do shealbhóirí buiséid | An plean oiliúna bliantúil arna chur i bhfeidhm |
| **3.5** | Ár mbonneagar digiteach agus ár gcórais dhigiteacha a fheabhsú chun tacú le cumarsáid, bainistíocht sonraí, sábháilteacht ar líne agus dea-chleachtas chun tacú le hathrú ar na seirbhísí tacaíochta teagaisc agus foghlama. | Cur i bhfeidhm leanúnach an chaighdeáin bhunlíne Cibearshlándála | Cur i bhfeidhm leanúnach |
| | | Comhoibriú ar leibhéal BOOÉ cur chuige earnálach a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm IS | Comhoibriú earnála |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.6** | Ár bhfoirgnimh agus ár n-áiseanna a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gcaighdeán dár bhfoghlaimeoirí agus dár bpáirtithe leasmhara agus ag an am céanna forbairt foirgneamh agus áiseanna nua a éascú chun freastal ar riachtanais an daonra atá ag fás sna réigiúin ina n-oibrímid, lena n-áirítear scoileanna agus coláistí breisoideachais agus oiliúna nua. | Críochnú agus aistriú dhá thionscadal scoile nua faoin gclár oibreacha caipitil.<br><br>Críochnú agus aistriú Chéim 1 de dhá thionscadal scoile nua faoin gclár oibreacha caipitil.<br><br>Tús a chur le tógáil scoile amháin faoin gclár oibreacha caipitil.<br><br>Cead pleanála a fháil do dhá scoil faoin gclár oibreacha caipitil.<br><br>Dul ar aghaidh chuig céim an iarratais ar chead pleanála do thrí scoil faoin gclár oibreacha caipitil | Dhá thionscadal oibreacha caipitil críochnaithe.<br><br>Céim 1 de dhá thionscadal oibreacha caipitil críochnaithe.<br><br>Tionscadal oibreacha caipitil amháin le dul ar aghaidh go dtí céim na tógála.<br><br>Faomhadh reachtúil ó na hÚdaráis Áitiúla a fháil do dhá thionscadal scoile faoin gclár oibreacha caipitil.<br><br>Faomhadh ón ROÓ a fháil chun iarratas ar chead pleanála a dhéanamh do thrí scoil faoin gclár oibreacha caipitil. |
| | | Ceardlanna breise printíseachta pluiméireachta a sheachadadh inár nIonad Oiliúna i mBaile Uí Lachnáin. | Soláthar bliantúil Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin a mhéadú ó 84 go 252 |
| | | Coláiste BO – foirgneamh nua i Sord | Fáil an tsuímh a thabhairt chun críche don choláiste Breisoideachais agus Oiliúna nua atá beartaithe i Sord, Co. Bhaile Átha Cliath<br><br>Dul chun cinn ar chéim an réamhdhearaidh |
| | | Ullmhú do Choláiste/Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna a bhunú ar fud réigiún BOOÁCDL. Ullmhú do Choláiste/Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna a bhunú ar fud réigiún BOOÁCDL | Plean forbartha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | Grúpa oibre Choláiste BO a bhunú chun ár gcur chuige maidir le brandáil agus margaíocht a fheabhsú agus chun soláthar agus bealaí cumarsáide BO a shimpliú d'fhoghlaimeoirí | |
| | | Feabhas leanúnach a chur ar chaighdeán foirgnimh agus áiseanna BOOÁCDL chun cur le heispéireas ár bhfoghlaimeoirí | Tionscadail Eastát BO a chur i bhfeidhm lena gcinntítear go mbaintear leas iomlán as na buiséid ábhartha BO gach bliain agus go nglactar le deiseanna chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú breise chun ár bhfoirgnimh a fheabhsú |
| **3.9** | Straitéis a fhorbairt chun feabhas a chur ar chumarsáid, ar aithint branda agus ar mhargaíocht BOOÁCDL le fócas ar an mbuntáiste dearfach a thugann BOOÁCDL dár sochaí. | Straitéis chumarsáide a fhorbairt chun aitheantas a chinntiú don tionchar dearfach atá ag ár seirbhísí ar an tsochaí | Straitéis Chumarsáide arna dréachtú |
| | | Déanfar athbhreithniú ar ár nósanna imeachta agus ár gcórais inmheánacha chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla | Nósanna imeachta agus próisis nuashonraithe |
| | | An Ghaeilge a chur chun cinn inár scoileanna, agus ní hamháin mar ábhar ach mar theanga bheo | 20% de chumarsáid sheachtrach trí Ghaeilge |
| | | Láithreán gréasáin BOOÁCDL a nuashonrú chun comhlíonadh reachtaíochta Inrochtaineachta agus na dTeangacha Oifigiúil a chinntiú | Láithreán gréasáin arna nuashonrú |
| | | Athfhorbairt ar ábhar agus leagan amach an láithreáin gréasáin agus timpeallacht inmheánach SharePoint | Láithreán gréasáin nuashonraithe agus timpeallacht SharePoint arna chur i bhfeidhm |
| **3.10** | A chinntiú go ndéantar inbhuanaitheacht a mheas inár gcinntí uile ar fud na timpeallachta ina n-oibrímid agus bealaí a aithint inar féidir | Straitéis Eastáit a athbhreithniú do gach réadmhaoin BOOÁCDL | Straitéis eastáit BO nuashonraithe foilsithe agus gach léas nua agus athnuaite ag teacht i gcomhréir leis na spriocanna atá leagtha amach i Straitéis Eastáit BOOÁCDL agus i dTreochlár BOOÁCDL um Ghníomhú ar son na hAeráide. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | linn cur go dearfach le spriocanna an athraithe aeráide | | Tús a chur le Straitéis Eastáit fhoriomlán BOOÁCDL agus í a thabhairt chun críche. |
| | | Athbhreithniú a dhéanamh ar Threochlár BOOÁCDL um Ghníomhú ar son na hAeráide agus ar an mBeartas Fuinnimh | Eagrán 4 den Treochlár agus Eagrán 2 den Bheartas Fuinnimh foilsithe i R3 de 2026. |
| | | Éifeachtúlacht fuinnimh scoileanna, ionad agus coláistí a fheabhsú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise le haghaidh téimh a laghdú le himeacht ama | Suiteáil na méadar cliste i bhfoirgnimh BO a thabhairt chun críche agus tús a chur lena suiteáil i bhfoirgnimh scoile. An feachtas "Reduce Your Use" a leathnú agus rannpháirtíocht sa chlár Fuinnimh san Oideachas a spreagadh. |
| | | | A chinntiú go mbainfear úsáid as foinsí fuinnimh in-athnuaite i ngach foirgneamh nua.<br>Tús a chur le tionscadail dícharbónaithe in eastát BO. |
| | | Chun feasacht comhshaoil a chur chun cinn i measc na foirne agus na scoláirí. | Spriocanna BO maidir le scileanna glasa do 2026 arna gcomhlíonadh.<br>Foireann Ghlas BOOÁCDL a leathnú agus Foirne Glasa a bhunú ar fud na heagraíochta.<br>Tionscnamh an Bhrait Ghlais a chur chun cinn.<br>Leanúint d'oiliúint agus de thionscnaimh inbhuanaitheachta. |
| | | AD chun tús a chur le tionscadal chun oifigí a aistriú chuig oifigí gan pháipéar d'fhonn timpeallacht oifige gan pháipéar a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2026 | Taifid pháipéir a aistriú go réiteach digiteach faoi dheireadh 2026 |
| | | Tús a chur le córas bainistíochta fuinnimh ISO50001 a fhorbairt | Deimhniú ISO50001 a bhaint amach i bhfoirgnimh a bhfuil úsáid shuntasach fuinnimh iontu in 2027 |

| Sprioc Straitéise Uimh. 4 - Páirtithe Leasmhara | | | |
|---|---|---|---|
| Gníomhartha Straitéiseacha | | Spriocanna Inghnóthaithe Straitéiseacha | Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) |
| **4.1** | Oibriú le raon eagraíochtaí chun riachtanais a aithint trí thaighde agus sonraí a úsáid chun deiseanna a fhiosrú agus tionscnaimh nua a thriail ar bhonn píolótach a chuirfidh lenár soláthar agus a chinnteoidh go bhfreastalóidh sé ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn. | Deiseanna a chruthú d'fhoirne ceannaireachta chun bualadh le raon eagraíochtaí agus príomhcheisteanna agus forbairtí a phlé | Dhá chruinniú ceannaireachta BO a reáchtáil in aghaidh na bliana chun forbairtí tábhachtacha a phlé (foirne ceannaireachta ó ionaid BO) |
| | | Caidrimh thábhachtacha a choinneáil agus a fhorbairt le raon páirtithe leasmhara lena n-áirítear ranna rialtais, gníomhaireachtaí reachtúla, agus eagraíochtaí maoinithe | Eolaire na bPáirtithe Leasmhara |
| | Taighde agus sonraí éifeachtacha a chur in iúl chun tacú le cinntí agus torthaí eolasacha | | Príomhscileanna Riachtanais do Thuarascálacha Tionscail faoi dhó in aghaidh na bliana |
| | | Rannpháirtíocht le heagraíochtaí ionadaíocha a mhéadú | Rannpháirtíocht le Dublin Chamber, le Comhlachais áitiúla, le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ) agus le comhlachtaí eile d'Ionadaithe Tionscail a mhéadú |
| **4.2** | Páirt a ghlacadh in BOOÉ agus i bhfóraim náisiúnta chun próifíl agus féiniúlacht BOOnna a ardú agus tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta a chur chun cinn maidir le forbairt na n-earnálacha bunscoile, iar-bhunscoile, óige agus breisoideachais agus oiliúna. | A chinntiú go ndéantar ionadaíocht do BOOÁCDL ar choistí éagsúla áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta | Rannpháirtíocht in imeacht amháin ar a laghad agus fás >10% ar na meáin shóisialta |
| | | A chinntiú go ndéantar ionadaíocht do BOOÁCDL ar choistí éagsúla áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta | Stiúrthóirí le bheith páirteach i gcoiste náisiúnta amháin ar a laghad, chun cuidiú le beartas náisiúnta a mhúnlú, le rannpháirtíocht mhéadaithe fhoireann BOO ar choistí BOOÉ |
| | | Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre náisiúnta BOOÁCDL a mhéadú | Eolas feabhsaithe ar réimse na comhoibrithe |
| **4.3** | Straitéis rannpháirtíochta páirtithe leasmhara a fhorbairt chun naisc le comhlachtaí pobail, réigiúnacha agus náisiúnta a fheabhsú, chun freastal ar thosaíochtaí agus | Ár gcuid oibre ar Éiteas a dhaingniú tuilleadh agus na Cláir Phátrúnachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na mBunscoileanna agus na nIar-bhunscoileanna le tacaíocht ó BOOÉ | Creat a sholáthar do scoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar chlár Pátrúnachta GMGY ar fud na mBunscoileanna go léir, agus an Clár Pátrúnachta nua a bhunú i 10 nIar-bhunscoil |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | éigeandálaí agus chun ár dtionchar a uasmhéadú. | | |
| **4.4** | Leanúint de ról ceannais a bheith againn i gcur i bhfeidhm thosaíochtaí an Rialtais maidir le Printíseacht. | Rannpháirtíocht i bprintíseachtaí a mhéadú | Tionscadail chuí bonneagair chaipitil a chur ar fáil chun acmhainneacht a mhéadú |
| **4.5** | Oibriú i gcomhpháirtíocht le soláthraithe ardoideachais ar thionscnaimh agus cláir chomhpháirteacha chun conairí aistrithe agus dul chun cinn idir scoil, breisoideachas agus oiliúint agus ardoideachas a fheabhsú, agus cur le forbairt an chórais oideachais tríú leibhéal. | Obair a dhéanamh i gcomhar le hInstitiúidí Ardoideachais ar thionscadal Chonair 1 | |
| **4.6** | Caidrimh a neartú le comhlachtaí ionadaíocha fostaíochta, fiontair agus fiontraíochta agus obair réamhghníomhach a dhéanamh chun a chinntiú go gcuireann ár soláthar le deiseanna d'fhoghlaimeoirí agus go líonann sé bearnaí scileanna inár réigiún agus inár ngeilleagar araon | Creat digiteach feabhsaithe chun tacú le rannpháirtíocht le fiontraíocht | Nuair a bheidh an córas CRM i bhfeidhm, cuirfidh Coláiste Bhaile Átha Cliath beartais agus nósanna imeachta maidir lena úsáid i bhfeidhm. |
| **4.7** | Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar ár dtionchar oideachais, sóisialta agus eacnamaíoch sna réigiúin a bhfreastalaímid orthu. | Sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar ár dtionchar oideachais, sóisialta agus eacnamaíoch sna réigiúin a bhfreastalaímid orthu. | Dearadh agus forbairt Bonneagair Sonraí críochnaithe (Tionscadal na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta) |

# Cúrsaí Airgeadais 2026

## Caiteachas Réamh-mheasta - Scoileanna agus Ceannoifig 2026

| **Íocaíochtaí Scoileanna & Ceannoifige** | **Bliain dar críoch 31/12/2026 €'000** | **Bliain dar críoch 31/12/2025 €'000** |
|---|---|---|
| **PÁ** | | |
| Treoir | 160,745 | 151,150 |
| Riarachán | 8,280 | 7,980 |
| Cothabháil | 3,958 | 3,815 |
| | 172,983 | 162,945 |
| **NEAMHPHÁ** | 11,624 | 11,719 |
| **CLÁIR GHAOLMHARA** | | |
| Ciste Tacaíochta Seirbhísí Mac Léinn | 2,262 | 4,076 |
| Deontas Leabhar | 371 | 371 |
| Deontas DEIS & Idirchaidreamh Scolaíocht Bhaile | 822 | 806 |
| Roinn Digiteach TFC | 101 | 99 |
| An Idirbhliain | 309 | 277 |
| Deontais le haghaidh leabhar scoile saor in aisce don tSraith Shóisearach | 3,114 | 3,053 |
| Deontas Tacaíochta Riaracháin SGCO | 180 | 0 |
| Deontas Coimhdeachta Bus | 168 | 165 |
| Deontas Eolaíochta na Sraithe Sinsearaí | 154 | 131 |
| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | 90 | 58 |
| Deontas um Thacaíocht Riaracháin do Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce don tSraith Shóisearach | 139 | 136 |
| Scéim Leabhar Scoile na Sraithe Sinsearaí d'Iar-Bhunscoileanna | 1,678 | 1,645 |
| Scéim Leabhar Scoile na hIdirbhliana d'Iar-Bhunscoileanna | 247 | 242 |
| Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht | 291 | 0 |
| ICT M365 LICENCE UPLIFT | 372 | 295 |
| Cláir Eile (15 san iomlán) | 289 | 275 |
| | 10,587 | 11,629 |
| | **195,194** | **186,293** |
| **Íocaíochtaí Bunscoile** | | |
| Deontas Caipitil PSN | 1,025 | 1,165 |
| Deontas Seirbhíse Coimhdeach PSN | 360 | 343 |
| Iompar Scoile PSN | 275 | 262 |
| Deontas DEIS PSN | 157 | 150 |

| | | |
|---|---|---|
| Scéim Leabhar Scoile CNS | 337 | 321 |
| Cláir Eile (13 san iomlán) | 109 | 103 |
| | **2,263** | **2,344** |

## Fáltais & Caiteachas Réamh-mheasta

| | Bliain dar críoch 31/12/2026 €'000 | Bliain dar críoch 31/12/2025 €'000 |
|---|---|---|
| **FÁLTAIS** | | |
| Iarbhunscoileanna agus Ceannoifig | 190,476 | 186,186 |
| Bunscoileanna | 2,263 | 2,143 |
| Breisoideachas & Oiliúint | 94,696 | 97,322 |
| Seirbhísí Óige | 15,209 | 12,209 |
| Tionscadail Ghníomhaireachtaí & Féinmhaoinithe | 12,898 | 11,559 |
| Caipiteal | 78,620 | 78,620 |
| **IOMLÁN** | 394,162 | 388,039 |
| | | |
| **ÍOCAÍOCHTAÍ** | | |
| Iarbhunscoileanna agus Ceannoifig | 195,194 | 186,293 |
| Bunscoileanna | 2,263 | 2,344 |
| Breisoideachas & Oiliúint | 94,696 | 94,253 |
| Seirbhísí Óige | 15,209 | 14,082 |
| Tionscadail Ghníomhaireachtaí & Féinmhaoinithe | 12,898 | 11,726 |
| Caipiteal | 78,620 | 65,561 |
| **IOMLÁN** | 398,880 | 374,259 |
| | | |
| **Barrachas Airgid / (Easnamh) Don Bhliain** | (4,718) | 13,780 |
| | | |
| Barrachas/(Easnamh) Airgid a Réiteach | | |
| Príomh-Scéim Pá | (4,718) | [redacted] |
| Príomh-Scéim Neamhphá | 0 | |
| | (4,718) | |

**Tabhair faoi deara:** Tá Táirgeacht 2025 faoi réir iniúchadh

**Caiteachas Réamh-mheasta - Breisoideachas agus Oiliúint 2026**

| **ÍOCAÍOCHTAÍ BREISOIDEACHAIS AGUS OILIÚNA** | **Bliain dar críoch 31/12/2026 €'000** | **Bliain dar críoch 31/12/2025 €'000** |
|---|---|---|
| Printíseacht | 21,168 | 16,050 |
| Costais Oibriúcháin | 11,940 | 15,203 |
| Tacaíocht d'fhoghlaimeoirí | 214 | 214 |
| Scoláirí faoi mhíchumas | 139 | 189 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil Sláinte agus Sábháilteachta | 181 | 231 |
| Uasghrádú ar Áiseanna Breisoideachais agus Oideachais do Dhaoine Fásta | 309 | 408 |
| Costais Oibriúcháin Bhreisoideachais | 815 | 1,014 |
| Tionscadal Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT) | 136 | 136 |
| Aonad Ardtacaíochta Seirbhísí Síceolaíochta | 103 | 153 |
| Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | 79 | 79 |
| (Measúnaithe Deartha go hÁitiúil) MDÁanna CIA | 202 | 252 |
| Treoir do Dhaoine Fásta | 819 | 1,018 |
| Tionscadal Nuálach - Páirtaimseartha | 8 | 8 |
| Tionscadail Nuálacha | 201 | 201 |
| Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla | 1,386 | 1,595 |
| Soláthraithe Sainoiliúna (SS) | 4,094 | 4,590 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 1,966 | 2,165 |
| Cúrsaí Oíche | 696 | 795 |
| Ceardlanna Ceartais | 108 | 108 |
| Uaireanta Comhoibrithe | 1,526 | 1,673 |
| Litearthacht do Dhaoine Fásta | 5,002 | 5,148 |
| SLDF – Comhordú Réigiúnach um Litearthacht | 126 | 126 |
| Oideachas Pobail | 2,194 | 2,292 |
| SDOG | 4,134 | 4,131 |
| Ógtheagmháil | 7,313 | 7,307 |
| Cúram leanaí | 286 | 336 |
| Tionscnamh um Fhilleadh ar Oideachas | 4,924 | 4,920 |
| MAEDF | 301 | 301 |
| Pá PLC | 15,816 | 15,804 |
| Cúrsaí Oiliúna | 1,332 | 992 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn | 1,166 | 1,166 |

| | | |
|---|---|---|
| Bridging Foundation & Oiliúint Scileanna | 3,288 | 3,285 |
| Neamhphá CIA | 462 | 123 |
| Ciste Tacaíochta Seirbhísí Scoile (CTSS) CIA | 234 | 234 |
| Scileanna le haghaidh Oibre | 225 | 224 |
| Tacaíocht Blackspot | 226 | 226 |
| CIA Neamhphá Maoinithe ag SOLAS | 504 | 504 |
| Caipitíocht Fheabhsaithe CI | 920 | 919 |
| Cláir Eile (8 san iomlán) | 153 | 153 |
| **Iomlán** | **94,696** | **94,275** |

## Aguisín

# Soláthar Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna 2026

## Forbhreathnú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (BO)

**Mír ghearr ina leagtar amach na cineálacha soláthair, líon na n-ionad/na gcoláistí agus líon na bhfoghlaimeoirí**

I mí na Samhna 2025, thug Coláiste Bhaile Átha Cliath ainm nua agus aitheantas amhairc nua isteach don BO ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tá ceithre sheirbhís ann thar 32 ionad, agus freastalaíonn gach ceann dóibh ar ghrúpa foghlaimeoirí ar leith. Áirítear leis sin ceithre Sheirbhís Oideachais do Dhaoine Fásta, cúig Choláiste Breisoideachais, cúig scoil Désholáthair laistigh d'institiúidí iar-bhunscoile, trí Ionad Oiliúna i mBaile Dúill, Tamhlacht, agus Baile Uí Lachnáin, agus 10 Ionad Ógtheagmhála. Comhoibríonn na hIonaid Oiliúna sin le soláthraithe seachtracha freisin, lena n-áirítear trí Ionad Oiliúna Pobail, Ceithre Sholáthraí Sainoiliúna, trí Cheardlann Dlí agus Cirt, agus seacht dTionscnamh Oiliúna Áitiúla. Ina theannta sin, cuireann BOOÁCDL seirbhísí éagsúla ar fáil trí chomhpháirtíochtaí, deontais, agus tionscnaimh eile do bhreis is 150 eagraíocht phobail agus san earnáil dheonach ar fud an réigiúin.

Meastar gurb é 43,493 líon iomlán na bhfoghlaimeoirí tairbhíocha i gColáiste Bhaile Átha Cliath in 2026. San áireamh sa líon sin tá 1,774 printíseach Ceirde agus faoi stiúir Cuibhreannas, agus 49 foghlaimeoir Tríú Leibhéal.

## *Tosaíochtaí BO in 2026 (cuspóirí na Straitéise nua BO)*

Mír ghearr ina leagtar amach an obair agus an soláthar atá beartaithe i ngach ceann de na réimsí seo a leanas chun tacú le cur i bhfeidhm na Straitéise nua BO 2026–2030

- Eolas agus Scileanna don Todhchaí
- Cuimsiú le haghaidh Rathúnas agus Comhtháthú
- Cáilíocht le Nuálaíocht
- Comhoibriú chun Tionchar a dhéanamh

## Eolas agus Scileanna don Todhchaí

Tá Coláiste Bhaile Átha Cliath ag tabhairt tosaíochta do chomhtháthú teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus scileanna glasa chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair atá ag athrú i gcónaí. I measc na bpríomhthionscnamh do 2026 tá:

- **Anailís ar shonraí an mhargaidh saothair:** Trína Bhainisteoir Nuálaíochta agus an fhoireann um Rannpháirtíocht Fiontraíochta, leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de neartú a chumais chun taighde agus anailísí ón Réadlann Náisiúnta Scileanna maidir le scileanna agus an margadh saothair a mheas agus freagairtí chuí a phleanáil.

- **Ionad Speisialaithe:** Tá sé mar aidhm ag Coláiste Bhaile Átha Cliath bheith ina ionad speisialaithe a dhíreoidh ar Riarachán Gnó, Seirbhísí Airgeadais agus Soláthar Inbhuanaithe.
- **Rannpháirtíocht Fiontraíochta:** Leanfaidh ár bhfoireann thiomnaithe um Rannpháirtíocht Fiontraíochta de chomhoibriú le comhpháirtithe fiontraíochta, le Fóraim Réigiúnacha Scileanna agus leis an tionscal áitiúil i réigiún BOOÁCDL chun deiseanna uasoiliú agus athoiliú a chur ar fáil d'fhostaithe. Glacfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath cur chuige comhordaithe i leith an oideachais tríú leibhéal ina réigiún.
- **Inbhuanaitheacht:** Béim ar an inbhuanaitheacht a ionchorprú i ngach clár printíseachta BO de chuid Choláiste Bhaile Átha Cliath agus, nuair is cuí, cláir fhorlíontacha a chur ar fáil maidir le teicnící tógála glasa agus deimhnithe gaolmhara
- **Soláthar Printíseachta:** Leanúint de thacú le seachadadh agus le forbairt an Chórais Náisiúnta Printíseachta. In 2026, déanfar uasghrádú ar na háiseanna i gColáiste Bhaile Átha Cliath, Baile Uí Lachnáin, chun an phrintíseacht phluiméireachta a chur ar fáil.
- **Micrea-Cháilíochtaí (MCanna):** 4 MC nua sa chúram sláinte a sheoladh (Aibreán 2026), tar éis bailíochtú DCCÉ. Baineann siad seo le réitigh nuálacha maidir le scileanna boga bunaithe ar an IS agus le teicneolaíochtaí tumthacha
- **Mol RF:** Mol tiomnaithe RF a bhunú, ag baint úsáid as crua-earraí nua chun MCanna bunaithe ar an RF a chur ar fáil, ar nós na 4 MC a d'fhorbair BOOÁCDL, chomh maith le 2 MC eile ó BOO Lár Tíre agus an Deiscirt, a bhfuil bailíochtú difreálach á lorg ag BOOÁCDL ina leith
- **Róbataic & Saotharlanna Nua-Aimseartha:** Píolótacha sa róbataic, i saotharlanna teanga agus i bhfuinneamh gaoithe a chur i bhfeidhm mar chuid d'iarratas SOLAS ar mhaoiniú bonneagair chaipitil, chun réimse na ndeiseanna foghlama a mhéadú.
- **Moil Straitéiseacha:** Mol réigiúnach do Scileanna Glasa sna Seirbhísí Gairmiúla a bhunú, le béim ar an Riarachán Gnó, ar Sheirbhísí Airgeadais agus ar an Soláthar Inbhuanaithe.
- **Foghlaim Dhigiteach:** Oibreoidh Coláiste Bhaile Átha Cliath chun an fhoghlaim dhigiteach a ionchorprú ar fud ár soláthair BO. Tá Coláiste Bhaile Átha Cliath tar éis iarratas a dhéanamh chuig DCCÉ maidir le leathnú ar a raon feidhme soláthair chun tacú le seachadadh na Foghlama Cumaisc. Má éiríonn leis an iarratas seo, cuirfidh Coláiste Bhaile Átha Cliath tús le cúrsaí Foghlama Cumaisc a chur ar fáil le linn 2026.
- **Grúpa Oibre IS:** Tá grúpa tras-BOO ag bainistiú chur i bhfeidhm uirlisí IS don riarachán agus don teagasc. Áirítear leis seo trí chlár atá dírithe ar IS, a bheidh ar fáil d'fhoghlaimeoirí in 2026. Beidh ról gníomhach ag Coláiste Bhaile Átha Cliath sa ghrúpa seo.

- **Suíomh Gréasáin Choláiste Bhaile Átha Cliath:** Forbrófar an t-ardán (mydublincollege.ie) ina shuíomh WordPress le struchtúr néal ilúsáideoirí, a thabharfaidh neamhspleáchas do na hionaid aonair agus branda aontaithe á choinneáil. Beidh turais fhíorúla, bota comhrá gairmthreorach agus grafaicí faisnéise idirghníomhacha bunaithe ar loighic bhrainseach ar an ardán chun tacú le foghlaimeoirí agus iad ag nascleanúint an ardáin.

## Cuimsiú le haghaidh Rathúnas agus Comhtháthú

- **Tacaíocht Aontaithe d'Fhoghlaimeoirí:** Chun a chinntiú go roinnfear an rathúnas ar fud an réigiúin, tá Coláiste Bhaile Átha Cliath tiomanta do chóras aontaithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí a bhaint amach a chuirfidh deireadh le bacainní ar an oideachas. Tá an Grúpa Oibre um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí i gColáiste Bhaile Átha Cliath ag obair ar Chreatlach um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí a fhorbairt, lena gcuirfear córas caighdeánaithe tacaíochta ar fáil ar fud Choláiste Bhaile Átha Cliath. Tá sé i gceist againn ceadú a fháil chun Oifigeach tiomnaithe Rochtana agus Cuimsithe a cheapadh.

- **Iontráil do Fhoghlaimeoirí Leochaileacha:** Leanfaidh ár soláthar Óige agus ár seirbhísí tiomnaithe Oideachais do Dhaoine Fásta de dheiseanna rochtana ar an mBreisoideachas agus ar an Oiliúint a chur ar fáil dár bhfoghlaimeoirí is leochailí, agus de chomhtháthú sóisialta a chur chun cinn trí oiliúint ardchaighdeáin inrochtana.

- **Conairí:** Leanfaidh grúpaí oibre Choláiste BO, go háirithe an Grúpa Oibre um Sholáthar, de chonairí foghlama agus dul chun cinn a shainiú ar fud an tsoláthair BO agus d'fhaisnéis a chur ar fáil don Ghrúpa Oibre um Shuíomh Gréasáin. Cinnteoidh an Grúpa Oibre um Shuíomh Gréasáin go gcuirfear na conairí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí ionchasacha i láthair go héifeachtach ar shuíomh gréasáin Choláiste Bhaile Átha Cliath.

- **Litearthacht do Dhaoine Fásta:** Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de chroíscileanna agus scileanna trasnaí a fhorbairt trí na cláir a chuireann sé ar fáil i gcomhréir leis an straitéis Litearthacht do Dhaoine Fásta don Saol.

- **Oideachas Pobail:** Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe oideachais pobail trínár seirbhísí Oideachais do Dhaoine Fásta.

- **Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile:** Tá éileamh láidir i gcónaí ar sheirbhísí BCTE i réigiún BOOÁCDL agus, cé go mbeidh laghdú ar an soláthar pleanáilte Béarla in 2026, leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de chúrsaí a chur ar fáil sa réimse seo.

- **Teangacha nua-aimseartha:** Le linn 2026, oibreoidh Coláiste Bhaile Átha Cliath i gcomhar le Go Gaeilge chun cúrsaí píolótacha a reáchtáil do ranganna foghlama Gaeilge agus chun cuid dá sholáthar a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

- **Daoine Fásta a bhfuil Riachtanais Bhreise Oideachais acu:** Tá Coláiste Bhaile Átha Cliath ag iarraidh cúrsa DCCÉ Leibhéal 1 a fhorbairt do fhoghlaimeoirí

a bhfuil riachtanais bhreise acu agus é a chur i bhfeidhm trí chlár píolótach saincheaptha i gcomhpháirtíocht leis an FSS.

- **Conairí Dul Chun Cinn ón Scoil go BO:** Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de fhorbairt an chláir Conairí ón Scoil atá ann cheana féin agus de sheónna bóthair, imeachtaí faisnéise speisialaithe, World skills agus Higher options a chur ar fáil.

## Cáilíocht le Nuálaíocht

- **Coláiste BO:** Seoladh ár gColáiste BO comhtháite faoi bhranda Choláiste Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2025. Le linn 2026, leanfar d'fhorbairt Choláiste Bhaile Átha Cliath, go háirithe maidir le haitheantas an bhranda, comhtháthú agus sruthlíniú an tsoláthair, tacaíochtaí d'fhoghlaimeoirí, iontrálacha agus forbairt tionscadal caipitil i gcomhréir leis an bhFís um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- **Foireann BO:** Déanfar measúnú ar riachtanais scileanna reatha agus amach anseo na foirne chun bonn eolais a chur faoin bhforbairt ghairmiúil, faoin uasoiliú agus faoin earcaíocht amach anseo. Forbrófar clár chun foireann BO a uasoiliú san IS.
- **Cáilíocht ar fud an chórais:** Beidh Coláiste Bhaile Átha Cliath rannpháirteach go hiomlán sa tionscadal píolótach um Fhreagracht Cineachta le DCCÉ chun próisis bhailíochtaithe agus athbhailíochtaithe a shruthlíniú. Leanfaimid de chinntiú go mbeidh forbairt ár gclár chomh solúbtha agus chomh freagrúil agus is féidir do riachtanais an tionscail.
- **Éiceachóras atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir:** Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de ról ceannasach a ghlacadh i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na micreacháilíochtaí. Tá iarratas curtha isteach againn chuig QQI chun cúrsaí a chur ar fáil trí Fhoghlaim Chumaisc. Má cheadaítear iad, cuirfear ar fáil iad in 2026.
- **Éiceachóras Digiteach:** Cuirfidh Coláiste Bhaile Átha Cliath, trína Fhoireann um Rannpháirtíocht Fiontraíochta, úsáid eCollege chun cinn i measc FBManna.

## Comhoibriú chun Tionchar a dhéanamh

- **Straitéis an Tríú Leibhéil:** Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de dheiseanna chun an tríú leibhéal a fhorbairt a lorg in 2026. I measc na gclár atá á bpleanáil cheana féin tá an Mhúinteoireacht Bhunscoile, an Gnó Digiteach, an Radagrafaíocht agus Teicneolaíochtaí Líonraithe.
- **Comhpháirtíochtaí agus comhoibriú leis an tionscal agus le comhlachtaí ionadaíocha a leathnú:** Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha lárnach d'obair Choláiste Bhaile Átha Cliath. Feidhmeoidh ár bhFoireann um Rannpháirtíocht Fiontraíochta mar nasc idir FBManna, an tionscal agus na príomhpháirtithe leasmhara, ag feidhmiú de réir mhúnla Enterprise Connects. Comhoibreoidh an Fhoireann um Rannpháirtíocht Fiontraíochta le grúpaí oibre ár gColáiste BO, ar

nós na Grúpaí Oibre um Iontrálacha, um Thacaíocht d'Fhoghlaimeoirí agus um Sholáthar, chun eispéireas foghlama comhtháite agus ardchaighdeáin a chruthú ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire.

- **Bailiú sonraí, anailís agus tuairisciú:** Leanfaidh bailiú agus anailís sonraí de bheith mar bhonn eolais dár ngníomhaíochtaí agus dár dtionscnaimh um rannpháirtíocht fiontraíochta.
- **Rannpháirtíocht a mhéadú:** Leanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath de chaidrimh a fhorbairt le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí a thacaíonn le gníomhaíocht fiontraíochta. Áireofar leis seo rannpháirtíocht i dtionscnaimh uile-oileáin.
- **Comhpháirtíochtaí leis an Aontas Eorpach agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a mhéadú:** Bronnadh creidiúnú eagraíochtúil Erasmus ar Choláiste Bhaile Átha Cliath in 2025. Beidh soghluaisteachtaí straitéiseacha foirne ar siúl le linn 2026, agus déanfaidh Coláiste Bhaile Átha Cliath iarracht na deiseanna forbartha a chuireann Erasmus ar fáil a neartú agus cur leo.

## Leithdháileadh Maoinithe do 2026

Faigheann BOOÁCDL maoiniú bliantúil, trí SOLAS, ó Roinn an Bhreisoideachais agus an Ardoideachais, an Taighde, na Nuálaíochta agus na hEolaíochta chun seirbhísí BO a chur ar fáil.

**Tábla 1: Leithdháileadh Maoinithe do BOOÁCDL Choláiste Bhaile Átha Cliath**

| Leithdháileadh do BOOÁCDL | Leithdháileadh Deiridh 2025 | Leithdháileadh 2026 |
|---|---|---|
| Bunmhaoiniú do BOO Straitéiseach agus Éifeachtach | €15,694,067 | €15,069,956 |
| Forbairt agus Claochlú Scileanna an Lucht Saothair | €24,020,790 | €24,171,926 |
| Conairí BO | €34,409,833 | €33,348,991 |
| Printíseacht | €22,007,245 | €21,167,673 |
| Infheistíocht Straitéiseach | €928,805 | €937,319 |
| **Leithdháileadh Foriomlán** | **€97,060,740** | **€94,695,866** |

ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Átha Cliath agus Dhún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna

## DÉAN TEAGMHÁIL LINN

**Fón: (01) 4529600**
**Ríomhphost: info@ddletb.ie**

ddletb.ie

@ddletb

@ddletb

@ddletb

@ddletb-foghlaim

BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire

**FOGHLAIM**
GNÓTHAIGH
RATHAIGH